The demographic assumptions i.e. mortality rates in service and in retirement are in line with standard tables employed in the actuarial valuations of similar public sector type schemes. This reflects the current trend of improvements in mortality and the general expectation that this trend is set to continue for the immediate future.

		Implied life expectancy for a 65-year-old	
		2023	2022
<b>Post-retirement – current pensioners</b>			
(age 65 at the valuation date)	Male	22.1	21.9
	Female	24.4	24.3
<b>Post-retirement – future pensioners</b>			
(age 65 +10 years at the valuation date)	Male	23.2	23.1
	Female	25.4	25.3
<b>Post-retirement – future pensioners</b>			
(age 65 +20 years at the valuation date)	Male	24.3	24.2
	Female	26.4	26.3

#### a) Net Deferred Funding for Retirement Benefits

	2023 €'000	2022 €'000
Funding recoverable in respect of current year	2,144	2,304
State Grant applied to pay pensioners	(593)	(583)
	<u>1,551</u>	<u>1,721</u>

## b) Retirement Benefit Costs

	2023	2022
	€'000	€'000
Current service cost	1,059	1,759
Interest on Pension Scheme Liabilities	1,085	545
EE and ER contributions retained*	(149)	(141)
	<u>1,995</u>	<u>2,163</u>

\*ER contributions retained relate to staff on secondment

## c) Deferred Funding for Retirement Benefits

The Higher Education Authority recognises these amounts as an asset corresponding to the unfunded deferred liability for pensions on the basis of the set of assumptions described above and a number of past events. These events include the statutory basis for the establishment of the superannuation scheme, and the policy and practice currently in place in relation to funding public service pensions including contributions by employees and the annual estimates process. While there is no formal agreement regarding these specific amounts with the Department of Further and Higher Education, Research, Innovation and Science, the Higher Education Authority has no evidence that this funding policy will not continue to meet such sums in accordance with current practice. The deferred funding asset for pensions as at 31 December 2023 amounted to €29.8 million (2022: €24.5 million).

## d) Analysis of Total Retirement Benefit Costs charged to the Statement of Comprehensive Income

	2023	2022
	€'000	€'000
Experience (Loss) Gain - Retirement Benefit Liabilities	(961)	50
Changes in assumptions underlying the present value of Retirement Benefit Liabilities	(2,779)	17,636
Actuarial (Loss) Gain on Retirement Benefit Liabilities	<u>(3,740)</u>	<u>17,686</u>

## e) Movement in Net Retirement Benefit Obligations

	2023	2022
	€'000	€'000
Scheme Deficit at beginning of year:	(24,462)	(40,427)
Current Service Cost	(1,059)	(1,759)
Pensions paid in year	593	583
Interest on Pension Scheme Liabilities	(1,085)	(545)
Actuarial (Loss) Gain	(3,740)	17,686
Scheme Deficit at end of year	<u>(29,753)</u>	<u>(24,462)</u>

## f. History of Defined Benefit Obligations

	2023	2022	2021
Experience gains and (losses) on scheme liabilities: Amount (€'000)	(961)	50	421
Percentage of Scheme Liabilities	(3.2%)	0.2%	1.0%
Total amount recognised in the Statement of Comprehensive Income Amount (€'000)	(3,740)	17,686	(574)
Percentage of Scheme Liabilities	(12.6%)	72.3%	(1.4%)

## 20. University Pension Control Accounts

At 30 September 2023 the universities had net deficits of €2m (2022: €75.9m) on their pension control accounts for their Closed and Model pension schemes. In addition, the universities had net surpluses at 30 September 2023 of €73.4m (2022: €74m) on their pension control accounts for the Single Public Service pension scheme.

## 21. Events after the Reporting Period

In April 2023, the Government agreed to establish a new research funding agency, Taighde Éireann/Research Ireland through the amalgamation of the Irish Research Council (IRC) and Science Foundation Ireland (SFI). Legislation to establish the new agency is at an advanced stage of progression through the Houses of the Oireachtas and is expected to be enacted in 2024. Section 64 of the legislation provides for the transfer of HEA staff engaged in IRC activities (17 posts) to the new agency once established.

There are no events between the reporting date and the date of approval of these financial statements that require adjustment to the financial statements.

## 22. Comparative Figures

Comparative figures in the prior year have been adjusted to conform with changes in presentation in these financial statements.

## 23. Approval of Financial Statements

The financial statements were approved by the Board of the Higher Education Authority on 26 March 2024

Grant Income Year Ended 31 Dec 2023

Schedule 1 (a)  
Oireachtas Grants

NAME OF GRANTOR	TYPE OF GRANT	OPENING DEFERRAL	GRANT RECEIVED	CLOSING DEFERRAL	INCOME AND EXPENDITURE
		01-Jan-23 €'000	2023 €'000	31-Dec-23 €'000	2023 €'000
Department of Further and Higher Education, Research, Innovation and Science	General Vote 45 B04	11,628	1,441,458	1,944	1,451,142
	Pensions Vote 45 B10.2	0	161,019	0	161,019
	Access Vote 45 B11	8,452	45,938	8,793	45,597
	Capital Vote 45 B16	0	184,560	0	184,560
	Research Vote 45 B12	8,417	65,550	8,499	65,468
	Capital Research Vote 45 C4	0	4,432	0	4,432
	Administration Vote 45 B03	0	10,500	0	10,500
			<u>28,497</u>	<u>1,913,457</u>	<u>19,236</u>

Schedule 1 (b)  
National Training Funds (NTF)

NAME OF GRANTOR	TYPE OF GRANT	OPENING DEFERRAL	GRANT RECEIVED	CLOSING DEFERRAL	INCOME AND EXPENDITURE
		01-Jan-23 €'000	2023 €'000	31-Dec-23 €'000	2023 €'000
Department of Further and Higher Education, Research, Innovation and Science	NTF Labour Market Focused	0	148,352	0	148,352
	NTF Apprenticeship	0	78,940	251	78,689
	NTF Springboard+	7,081	36,438	4,628	38,891
	NTF Human Capital initiative	14,212	57,000	904	70,308
		<b>21,293</b>	<b>320,730</b>	<b>5,783</b>	<b>336,240</b>

Total grants received from the Department of Further and Higher Education, Research, Innovation and Science include €320.730m (2022: €313.592m) provided by the National Training Fund (NTF) which were used to support the training of those seeking to take up employment, those in employment seeking to upskill and to facilitate lifelong learning. These funds include €148.352m for Higher Education Labour Market Focused programmes, €78.940m for Apprenticeships, €36.438m for Springboard programmes and €57m for Human Capital Initiatives.

Schedule 1 (c)

Grant Income Year Ended 31 Dec 2023  
Other Grants

NAME OF GRANTOR	TYPE OF GRANT	OPENING DEFERRAL	GRANT RECEIVED	CLOSING DEFERRAL	INCOME AND EXPENDITURE
		01-Jan-23	2023	31-Dec-23	2023
		€'000	€'000	€'000	€'000
Health Service Executive	Nursing	0	5,903	0	5,903
Department of Further and Higher Education, Research, Innovation and Science.	B13 International	2,449	3,775	2,944	3,280
Department of Further and Higher Education, Research, Innovation and Science.	Erasmus International Support (Brexit Adjustment Reserve)	0	3,500	0	3,500
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport & Media	Gaeltacht Initiatives	0	1,101	0	1,101
Department of Health	Healthy Campus	212	160	134	238
Sustainable Energy Authority of Ireland	Capital	8,881	12,000	18,414	2,467
EU	Gender Action	62	2	36	28
EU	UNESCO	0	24	24	0
EU	Erasmus+	10,500	16,302	7,381	19,421
		<b>22,104</b>	<b>42,767</b>	<b>28,933</b>	<b>35,938</b>



## Total Grants Paid

Institution	RECURRENT GRANTS €'000	CAPITAL GRANTS €'000	RESEARCH GRANTS €'000	SKILLS GRANTS €'000	OTHER GRANTS €'000	TOTAL 2023 €'000	TOTAL 2022 €'000
University [/College [/Dublin	164,492	38,838	15,429	4,442	45,953	269,154	265,885
University [/College [/Cork	144,695	12,668	7,415	5,960	24,739	195,477	208,787
University of Galway	113,007	6,889	11,116	3,578	23,146	157,737	154,885
Maynooth University	97,741	4,356	9,337	1,105	12,255	124,794	120,320
Trinity College Dublin	128,532	8,230	11,601	6,532	41,420	196,316	210,341
University of Limerick	106,390	5,415	4,694	6,058	19,711	142,268	135,181
Dublin City University	112,102	18,465	3,634	11,372	26,633	172,206	144,643
Technological University of the Shannon: Midlands Midwest	99,514	22,871	541	21,607	3,895	148,428	114,521
Institute of Technology Carlow							9,376
Dundalk Institute of Technology	33,386	6,156	85	8,876	1,070	49,572	46,102
Dún Laoghaire Institute of Art, Design and Technology	18,833	2,204		423	744	22,204	20,022
Galway-Mayo Institute of Technology							11,201
Letterkenny Institute of Technology							5,932
Institute of Technology Sligo							6,821
Waterford Institute of Technology							15,407
Technological University Dublin	177,296	8,137	1,657	24,375	7,997	219,463	198,043
Munster Technological University	108,333	16,833	90	26,562	2,834	154,651	131,954
Atlantic Technological University	128,890	16,211	545	25,319	6,282	177,248	134,066
South East Technological University	103,159	15,502	1,051	16,413	4,290	140,414	91,303
National College of Art and Design	15,265	699	7	2,744	3,257	21,971	20,925
Mary Immaculate College	30,462	1,627	363		5,255	37,706	33,802
St Angela's College	7,655	325	2		1,501	9,483	10,464
National University of Ireland	13				417	430	451
Union of Students in Ireland					120	120	
Association for Higher Education Access and Disability	336					336	300
Health Research Board			200			200	5
Irish Universities Association	191		242		33	466	949
Marino Institute			12		180	191	212
National College of Ireland			117	2,417	195	2,728	2,886
Pontifical University					27	27	50
Royal College of Surgeons in Ireland	7,767	1,200	2,296	2,148	323	13,734	11,444
Royal Irish Academy	5,596	400	506		560	7,062	7,463
Royal Irish Academy of Music					145	145	49
St Nicholas Montessori College					3	3	-34
Carlow College (St. Patrick's)					45	45	4
Teagasc			149	186		335	34
Technological Higher Education Association	274					274	274
Dublin Institute of Advanced Studies			333			333	229
Economic Social Research Institute			52			52	29
Griffith College				1,305	31	1,336	1,801
Other Irish Private Institutions				15,782	61	15,843	13,668
Education and Training Boards	378			42	0	421	33
UK Institutions					225	225	231
EU Research Partners			3,824			3,824	265
<b>Total</b>	<b>1,604,307</b>	<b>187,027</b>	<b>75,298</b>	<b>187,245</b>	<b>233,346</b>	<b>2,287,223</b>	<b>2,130,323</b>

## Recurrent Grants Paid

Institution	CORE €	FEES €	NURSING €'000	STRATEGIC INITIATIVES €'000	OTHER €'000	TOTAL 2023 €'000	TOTAL 2022 €'000
University College Dublin	80,751	47,283	7,765	13,650	15,043	164,492	157,687
University College Cork	66,036	42,317	7,072	15,432	13,837	144,695	132,273
University of Galway	55,148	34,274	4,016	9,821	9,748	113,007	107,991
Maynooth University	38,907	35,214		13,202	10,418	97,741	91,358
Trinity College Dublin	62,934	34,906	8,639	12,090	9,963	128,532	123,122
University of Limerick	46,471	34,383	4,089	12,272	9,175	106,390	99,446
Dublin City University	52,053	35,449	6,607	5,339	12,654	112,102	105,130
Technological University of the Shannon: Midlands Midwest	59,360	5,737	1,876	27,034	5,507	99,514	87,658
Institute of Technology Carlow							8,861
Dundalk Institute of Technology	20,749	1,749	3,147	4,823	2,918	33,386	31,649
Dún Laoghaire Institute of Art, Design and Technology		12,848	1,665	2,202	2,118	18,833	17,496
Galway-Mayo Institute of Technology							9,368
Letterkenny Institute of Technology							5,700
Institute of Technology Sligo							6,270
Waterford Institute of Technology							14,024
Technological University Dublin	130,472	12,447		22,962	11,416	177,296	163,868
Munster Technological University	76,858	6,601	2,186	15,079	7,608	108,333	101,454
Atlantic Technological University	89,288	7,883	3,509	18,005	10,205	128,890	95,669
South East Technological University	70,651	5,998	3,172	16,990	6,349	103,159	70,325
National College of Art and Design	9,403	4,460		470	931	15,265	13,420
Mary Immaculate College	15,896	8,323		2,874	3,368	30,462	28,089
St Angela's College	2,862	2,331	1,800	601	61	7,655	8,795
National University of Ireland				13		13	13
Association for Higher Education Access and Disability				336		336	300
Irish Universities Association				191		191	706
Royal College of Surgeons in Ireland		2,416		4,864	487	7,767	6,966
Royal Irish Academy	4,346			1,250		5,596	6,167
Technological Higher Education Association				274		274	274
ETB Institutions				378		378	
<b>Total</b>	<b>895,033</b>	<b>323,435</b>	<b>53,879</b>	<b>200,153</b>	<b>131,806</b>	<b>1,604,307</b>	<b>1,494,083</b>

## Skills Grant Payments

Institution	APPENTICESHIP €'000	SPRINGBOARD+ €'000	HCI €'000	TOTAL 2023 €'000	TOTAL 2022 €'000
University College Dublin		1,628	2,814	4,442	5,477
University College Cork		688	5,272	5,960	4,559
University of Galway		985	2,593	3,578	3,361
Maynooth University		81	1,024	1,105	1,105
Trinity College Dublin		835	5,697	6,532	5,586
University of Limerick	1,397	1,190	3,471	6,058	5,861
Dublin City University		84	11,288	11,372	7,312
Technological University of the Shannon: Midlands Midwest	10,164	7,202	4,240	21,607	17,278
Institute of Technology Carlow					350
Dundalk Institute of Technology	7,957	601	317	8,876	6,759
Dún Laoghaire Institute of Art, Design and Technology		380	43	423	451
Galway-Mayo Institute of Technology					1,281
Letterkenny Institute of Technology					74
Institute of Technology Sligo					520
Waterford Institute of Technology					1,215
Technological University Dublin	14,966	1,602	7,808	24,375	22,678
Munster Technological University	16,878	2,149	7,535	26,562	19,949
Atlantic Technological University	15,474	4,801	5,045	25,319	18,211
South East Technological University	9,749	2,351	4,313	16,413	13,395
National College of Art and Design			2,744	2,744	2,860
National College of Ireland	680	1,546	190	2,417	2,667
Royal College of Surgeons in Ireland			2,148	2,148	2,233
Teagasc	186			186	
Griffith College	792	513		1,305	1,761
Other Irish Private Institutions	446	12,041	3,295	15,782	13,623
ETB Institutions		42		42	33
<b>Total</b>	<b>78,688</b>	<b>38,718</b>	<b>69,838</b>	<b>187,245</b>	<b>158,600</b>

## Other Grants Paid

Institution	PENSIONS €'000	ACCESS €'000	ERASMUS €'000	OTHER €'000	TOTAL 2023 €'000	TOTAL 2022 €'000
University College Dublin	38,247	4,881	2,668	158	45,953	68,111
University College Cork	17,397	4,823	2,024	495	24,739	43,087
University of Galway	17,379	2,531	2,039	1,197	23,146	30,718
Maynooth University	7,581	3,274	1,225	175	12,255	16,668
Trinity College Dublin	36,653	2,304	2,423	40	41,420	59,699
University of Limerick	13,010	3,215	3,436	50	19,711	19,982
Dublin City University	21,572	3,501	1,504	55	26,633	16,729
Technological University of the Shannon: Midlands Midwest		2,302	1,192	401	3,895	2,362
Institute of Technology Carlow						104
Dundalk Institute of Technology		802	263	5	1,070	791
Dún Laoghaire Institute of Art, Design and Technology		487	257		744	592
Galway-Mayo Institute of Technology						552
Letterkenny Institute of Technology						114
Institute of Technology Sligo						30
Waterford Institute of Technology						113
Technological University Dublin		5,470	2,497	30	7,997	6,168
Munster Technological University		1,862	937	35	2,834	2,327
Atlantic Technological University		4,895	1,387		6,282	3,566
South East Technological University		3,168	1,092	30	4,290	2,944
National College of Art and Design	2,880	276	100		3,257	3,548
Mary Immaculate College	4,000	731	500	25	5,255	4,798
St Angela's College	1,323	137	42		1,501	1,427
National University of Ireland	417				417	438
Union of Students in Ireland				120	120	
Irish Universities Association		33			33	3
Marino Institute		163	17		180	212
National College of Ireland		190		5	195	113
Pontifical University		17	10		27	50
Royal College of Surgeons in Ireland		125	198		323	249
Royal Irish Academy	560				560	585
Royal Irish Academy of Music			145		145	49
St Nicholas Montessori College		4	-1		3	-34
Carlow College (St. Patrick's)		45			45	4
Griffith College		6	-5	30	31	41
Other Irish Private Institutions		2	9	50	61	45
UK Institutions		225			225	231
<b>Total</b>	<b>161,019</b>	<b>45,468</b>	<b>23,958</b>	<b>2,901</b>	<b>233,346</b>	<b>286,415</b>

**HEA**

AN tÚDARÁS um ARD-OIDEACHAS  
HIGHER EDUCATION AUTHORITY

Higher Education Authority  
3 Shelbourne Buildings  
Crampton Avenue  
Shelbourne Road  
Ballsbridge  
D04 C2Y6

**Contact**

Phone: +353 1 231 7100  
Lo-Call Number: 1890 200 637  
Fax: +353 1 231 7172  
Email: [info@hea.ie](mailto:info@hea.ie)  
[www.hea.ie](http://www.hea.ie)  
X [@hea\\_irl](#)

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2023



# ÁBHAR


1. Brollach leis an Dr Alan Wall, POF
2. Litir ón gCathaoirleach, an tUas. Michael Horgan
3. Príomhshonraí Ardoideachais 2022/23
4. Buaicphointí an ÚAO 2023
  - a. Rialachas Institiúide, Ceannaireacht agus Barr Feabhais Oibriúcháin
  - b. Maoiniú Córas agus Maoiniú Caipitil
  - c. Straitéis, Feidhmíocht, Athchóiriú Córais, Teagasc agus Foghlaim, Folláine Mic Léinn
  - d. Taighde agus Beartas Taighde
  - e. Comhionannas Rochtana
  - f. Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú
  - g. Idirnáisiúnta
  - h. Scileanna, Rannpháirteachas agus Staitisticí
  - i. An ÚAO mar Eagraíocht

## Ráitis Airgeadais

### 5. An Ráiteas maidir le Rialachas agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

- An Ráiteas maidir leis an gCóras Rialuithe Inmheánacha
- Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
- An Ráiteas maidir le hloncam, Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe
- An Ráiteas maidir le hloncam Cuimsitheach
- An Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais
- An Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid





## Brollach

leis an Dr Alan Wall, POF

Tá áthas orm tuarascáil bhliantúil an Údaráis um Ard-Oideachas do 2023 a chur i láthair.

Tá súil agam go mbeidh an tuarascáil agus na ráitis airgeadais seo mar acmhainn úsáideach duit chun athbhreithniú a dhéanamh ar ár bpríomhghníomhaíochtaí in 2023.

Fuair an ÚAO freagairt dhearfach ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFHERIS) maidir lena phlean um fhórsa oibre, rud a ullmhaíodh tar éis teacht i bhfeidhm reachtaíochta nua don ÚAO in 2022.

Cheadaigh an Roinn 32 phost nua don ÚAO. Leis seo, cuireadh ar a chumas don ÚAO a acmhainn a mhéadú i ngach rannóg na heagraíochta.

D'éirigh leis an ÚAO dul chun cinn suntasach a dhéanamh maidir lena chlár um chlaohlú gnó leis an gCóras Bainistíochta Airgeadais nua curtha i bhfeidhm ina iomlán chomh maith le dul chun cinn ar chóras nua maidir le bainistíocht na bpáirtithe leasmhara de chuid an ÚAO. Bhí an tslándáil dhigiteach arís mar chuid chriticiúil den obair a bhí ar bun ag an aonad um theicneolaíocht faisnéise. Thug iniúcháirí inmheánacha an ÚAO faoi athbhreithniú iniúchta inmheánaigh a dhéanamh ar chibearshlándaíl an ÚAO. Ar an iomlán, d'aithin siad go raibh leibhéal an ÚAO maidir le cumas agus forbairt cibearshlándaála níos airde i gcomparáid le comhlachtaí earnaála poiblí eile.

Bhí rannpháirtíocht foirne mar ghné lárnach d'obair an ÚAO in 2023 agus eagraíodh roinnt laethanta um fhorbairt foirne ar éirí go maith leo leis na gráid éagsúla san ÚAO. Bhí deis ag an bhfoireann ag na laethanta seo aghaidh a thabhairt ar an straitéis a bheidh ag an eagraíocht amach anseo agus a scileanna ceannasaíochta a fhorbairt.

D'oibrigh an ÚAO agus an Chomhairle um Thaighde in Éirinn i gcomhar lena chéile leis an Roinn agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann le linn 2023 i dtaobh leis an mbunú pleanáilte den ghníomhaireacht nua um thaighde Taighde Éireann-Research Ireland.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann go léir san ÚAO agus sa Chomhairle um Thaighde in Éirinn as an méid a chuir siad le hobair an ÚAO agus na Comhairle le linn 2023.



## Litir ón gCathaoirleach

an tUasal Michael Horgan

### 3 Deireadh Fómhair

An tUasal Patrick O'Donovan TD,

An tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde,  
Nuálaíochta agus Eolaíochta.

A Aire, a chara,

Thar ceann an Bhoird agus na Feidhmeannachta, tá sé de phribhléid agam cóip de thuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais an ÚAO le haghaidh 2023 a chur faoi do bhráid, le breithniú. Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh leat as do cheapachán le deireanaí agus guím gach rath ort mar Aire.

Bliain thar a bheith tábhachtach ab ea 2023 inar cuireadh roinnt príomhghníomhartha i bhfeidhm tar éis achtú na reachtaíochta nua le haghaidh an ÚAO in 2022. I measc na bpríomhéachtaí eile i rith 2023 bhí:

- D'fhaomh Bord an ÚAO a chéad Phlean Corparáideach faoin Acht nua agus chuir sé faoi bhráid na Roinne é lena fhaomhadh.
- Tar éis comhairliúcháin leis an Roinn faomhadh Creat Feidhmíochta Córais nua le haghaidh 2023-28. Seoladh an Creat nua i gCampas Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt i gCeatharlach i mí Mheán Fómhair. Sa Chreat leagtar amach na paraiméadair faoina n-aithníonn institiúidí ainmnithe ardoideachais a ról maidir leis an straitéis institiúide agus náisiúnta a bhaint amach, de réir mar is cuí dá misean, dá scála, dá n-ionad, agus dá bplean straitéiseach.
- D'fhaomh an Bord tuarascáil ón bPainéal Comhairleach maidir le corprú féideartha Choláiste San Aingeal in Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh. Ina dhiaidh sin d'fhaomh an tAire moladh an phainéil an Coláiste a chorprú laistigh d'Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh.
- D'fhaomh an Bord an chéad mhandáid um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid an ÚAO. Leanann an ÚAO ar aghaidh ag plé leis an Roinn agus le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann maidir leis an bplean a chur i bhfeidhm.

Lean an ÚAO ar aghaidh lena ról gníomhach maidir le tuarascáil staitistice a thiomsú. I rith 2023 d'fhaomh an Bord na tuarascálacha seo a leanas:

- Suirbhé ar Thorthaí Céimithe Rang 2022
- Tuarascáil ar Thorthaí Céimithe agus Stádas Socheacnamaíoch
- Tuarascáil ar Thorthaí Céimithe agus Míchumas
- Tuarascáil EUROSTUDENT
- Tuarascáil ar Thacaíochtaí Mic Léinn don Mheabhairshláinte agus Tuarascáil Anailíse ar Mhaoiniú Folláine
- Freisin d'fhaomh an Bord togra chun athbhreithniú a dhéanamh ar shraith thorthaí céimithe an ÚAO

Thug an Bord ionchur i bhforbairt Phrionsabail Fhrithchiníochais an ÚAO le haghaidh Institiúidí Ardoideachais na hÉireann a seoladh ina dhiaidh sin in Ollscoil na Gaillimhe i mí an Mhárta 2023.

**Táimid ag súil le hoibriú i gcomhpháirt leat féin agus leis an Aire Niall Collins chun roinnt príomhthionscnamh a chur i gcrích lena n-áirítear:**

- Cur i bhfeidhm leanúnach fhorálacha na reachtaíochta nua maidir le an ÚAO lena n-áirítear an próiseas achomharc a thabhairt chun críche i dteannta leis an bpróiseas chun institiúidí a ainmniú faoi Acht an Údaráis um Ard-Oideachas 2022.
- Cur i bhfeidhm *Saoránaigh an Domhain 2030 - Straitéis Tallainne agus Nuálaíochta na hÉireann (Global Citizens 2030 - Ireland's Talent and Innovation Strategy)*.
- Cur i gcrích leanúnach an *Phlean Gníomhaíochta Straitéisigh um Chomhionannas Rochtana, Rannpháirtíochta agus Ratha*.
- Cur i gcrích leanúnach *Impact 2030* lena n-áirítear gníomhaireacht taighde nua a bhunú Taighde Éireann-Research Ireland agus Creat comhairliúchán na Roinne *I dTreo Taighde Ardoideachais - Rannpháirtíocht Beartais (Towards a Higher Education Research - Policy Engagement)*.
- Na conairí idir earnálacha an Bhreisoideachais agus na Breisoiliúna agus an Ardoideachais a fheabhsú tríd an Oifig Náisiúnta Tríú Leibhéal.

**Chríochnaigh na comhaltaí seo a leanas, a ceapadh ar dtús i mí Iúil 2016, a dtréimhsí i mí na Nollag 2023:**

- An tUasal Tony Donohoe
- An Dr Judith Eaton
- An Dr Sharon Feeney
- Ms Darina Kneafsey
- An Dr Sinéad O'Flanagan
- An tUas. Pól Ó Mórain
- An Dr John Wall

D'éirigh an tOllamh Orla Feely as an mBord i mí Aibreáin 2023 tar éis di a bheith ceaptha mar Uachtarán COBÁC. D'éirigh an Dr Lynn Ramsey as an mBord i mí Eanáir 2023 tar éis di a bheith ceaptha mar Stiúrthóir na Comhairle Múinteoireachta. I rith a dtréimhse mar chomhaltaí den ÚAO, tháinig athrú ó bhonn ar an earnáil ardoideachais agus ar an ÚAO féin agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach comhalta as an tionchar a bhí acu ar obair an ÚAO le seacht mbliana anuas. Ba mhaith

liom freisin aitheantas a thabhairt do ról tábhachtach Beth O'Reilly a chríochnaigh a téarma mar chomhalta i mí an Mheithimh 2023 tar éis dheireadh a téarma mar Uachtarán ar Aontas na Mac Léinn in Éirinn. Tháinig an tUasal Chris Clifford chuig an mBord tar éis dó a bheith tofa mar Uachtarán Aontas na Mac Léinn in Éirinn an 1 Iúil 2023.

### **Chuir an ÚAO fáilte roimh dheichniúr comhaltaí nua chuig an mBord i mí na Nollag 2023.**

- An Dr Niall Connors
- An Dr Rosemary Day
- Ms Paula Fyans
- An Dr Fiona Killard-Lynch
- An tUas. Dermot Mc Carthy
- Ms Nessa McEniff
- An Dr Rory O'Sullivan
- Ms Lianne Patterson
- An tOllamh Mark Rogers
- An tOllamh Anne Scott

**I gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, is mian liom tuairisc a thabhairt duit ar chomhlíonadh an chóid ag an Údarás, agus maidir leis na hábhair seo a leanas ach go háirithe:**

- Níor tharla aon eachtraí lenar bhain tábhacht tráchtála i rith na tréimhse tuairiscithe.
- Ní dhearnadh aon idirbhearta airgeadais lasmuigh den chlár comhardaithe.
- Dearbhaím gur cloíodh leis na nósanna imeachta cuí go léir um thuairisciú airgeadais, iniúchóireacht inmheánach, taisteal, soláthar, agus diúscairt sócmhainní.
- Thar ceann an Údaráis, tuigim an fhreagracht atá orainn a chinntiú go gcoinnítear agus go gcuirtear i bhfeidhm córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais. Tá ráiteas maidir leis an gcóras Rialuithe Inmheánacha san áireamh inár gcuntais airgeadais iniúchta le haghaidh 2022 i dteannta le teastas an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.
- Ghlac an ÚAO le cód athbhreithnithe iompair ghnó le haghaidh Chomhaltaí an Údaráis agus a chuid fostaithe.
- Thug an Bord faoi bheart um meastóireacht sheachtrach ar an mBord in 2022 agus rinne sé breithniú ar an tuarascáil seo in 2023.
- Cloíonn an ÚAO le treoirlínte an rialtais i dtaobh luach saothair maidir lena Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus a chuid fostaithe.

- Tá táillí Comhaltaí i gcomhréir leis na rátaí arna gceadú ag an Roinn, mar is amhlaidh do thuarastail agus liúntais a íoctar le baill foirne. Cuireann an ÚAO i bhfeidhm an ciorclán Duine Amháin, Tuarastal Amháin arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- Níl aon imeachtaí tar éis an chláir chomhardaithe le tuairisciú ag an ÚAO.
- Cloíonn an ÚAO le ceanglais Chód Caiteachais na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- Tá nósanna imeachta nua curtha i bhfeidhm ag an ÚAO chun nochtaí cosanta a dhéanamh i gcomhréir le hAlt 21 (1) den Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú) 2022. Foilsíodh tuarascáil bhliantúil mar a fhoráiltear dó faoi Alt 22(1) den Acht.
- Cloíonn UAE go hiomlán le beartas taistil an Rialtais.
- Chomhlíon an ÚAO a chuid oibleagáidí go léir faoin dlí cánach.
- Níl easaontas idir an ÚAO agus comhlachtaí stáit eile faoi láthair.
- Tá na céimeanna riachtanacha go léir glactha ag an ÚAO chun comhlíonadh Chód Cleachtais 2016 a chinntiú.
- Níl aon fho-eagraíocht ag obair faoi choimirce an ÚAO.

Ar an 31 Nollaig 2023, bhí seisear (50%) comhaltaí mná agus seisear (50%) comhaltaí fir ag an ÚAO. Comhlíonann an comhdhéanamh ballraíochta sin sprioc an Rialtais mar atá ionadaíocht 40% ar gach inscne. Is é an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta a cheapann na comhaltaí. Tá Bord an ÚAO tiomanta d'éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn agus faigheann siad tuairiscí rialta ó Ionad Barr Feabhais an ÚAO um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú.

D'fhaomh an Bord an Ráiteas maidir le Rialachas agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird.

Bheadh an ÚAO sásta aon soiléiríú breise a thabhairt a d'fhéadfadh a bheith uait maidir le haon ní thuas. Gabhaimid buíochas le ceannairí agus baill foirne na n-údarás ardoideachais go léir, Feidhmeannacht an ÚAO, agus foireann do Roinne féin, as a dtiomantas agus a ndíograis leanúnach do na straitéisí náisiúnta.

I dteannta leis an ÚAO agus lena fheidhmeannacht, táim ag súil le hoibriú leat féin agus le do Roinn chun tosaíochtaí straitéiseacha na Roinne a chur i bhfeidhm.

Is mise le meas,  
 Michael Horgan Cathaoirleach  
**Príomhshonraí Ardoideachais 2022/23**

# Príomhshonraí Ardoideachais 2022/23



## ROLLUITHE

Iomlán de 256,785 rollú in 2022/23, sin laghdú 1.6% ó 2021/22. Líon na n-iontrálaithe nua (mic léinn fhochéime lánaimseartha sa chéad bhliain) méadaithe faoi 0.8% go 46,020.



## ROLLUITHE IDIRNÁISIÚNTA

Tá líon iomlán na rolluithe idirnáisiúnta méadaithe faoi 10.8% in 2022/23 go 35,140. Ba ionann rolluithe neamh-AE agus 25,245 (71.8%) de na rolluithe idirnáisiúnta in 2022/23.



## CINEÁL CLÁIR

Ba ionann rolluithe le haghaidh céimeanna onórach agus 154,945 (60.3%) d'iomlán na rolluithe in 2022/23. Ba ionann cúrsaí máistreachta múinte an dara grúpa ba mhó agus iad comhionann le 11.1%.




## RÉIMSE STAIDÉIR

Ba ionann an réimse ba mhó Gnó, Riarachán agus Dlí agus 52,065 (20.3% de na rolluithe go léir), agus ina dhiaidh sin bhí Sláinte agus Folláine (17%) agus na hEalaíona agus na Daonnachtaí (13.4%).



## TREOCHTAÍ INSCNE

D'éirigh an bhearna rannpháirtíochta inscne níos leithne arís le 140,045 rollú mná in 2022/23 (laghdú 1% ó 2021/22) i gcomparáid le 115,340 rollú fir (laghdú 2.7% ó 2021/22). Is ann do 1,395 mac léinn Neamh-dhénártha nó Neamhdhearbhaithe (méadú 50.2% ó 2021/22).



## LÍON NA GCÉIMITHE

Tháinig laghdú 3.4% ar líon na gcéimithe go 85,645 in 2022. Tharla na méaduithe ba mhó i gColáiste San Aingeal (16%), agus COBÁC (8%). Tharla na laghduithe ba mhó in Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire (38%) agus Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (28%)



## CÉIMITHE ONÓRACHA

Tháinig laghdú 5.6% ar líon na gcéimithe onóracha baitsiléara in 2022 go 34,525. Bhain thart ar 24.4% de na céimithe amach céim céadonóracha.



## RÉIMSE STAIDÉIR IARCHÉIME

Ba ionann cúrsaí Gnó, Riaracháin agus Dlí agus 24.5% de na céimithe go léir in 2022 (21,010). Ghabh 18.3% de na céimithe go léir (15,640) do chúrsaí Sláinte agus Folláine.

# HEA HIGHLIGHTS 2023

## 4(a) Rialachas Institiúide, Ceannaireacht agus Barr Feabhais Oibriúcháin

### **Creat an ÚAO um Maoirseacht Rialachais**

Tugadh feidhm d'Acht an Údaráis um Ard-Oideachas i mí na Samhna 2022. De réir an Achta, tá freagracht reachtúil ar an Údarás um Ard-Oideachas as maoirseacht éifeachtach ar na hinstiúidí ardoideachais ainmnithe agus ar an gcóras ardoideachais. Faoi Alt 9 den Acht, rinneadh obair bhreise i rith 2023 chun Creat Maoirseachta um Rialachas an ÚAO a fhorbairt. Tar éis do bhord an ÚAO é a fhaomhadh, foilsíodh an Creat i mí an Mheithimh 2023.

Sa Chreat sin leagtar amach an mheicníocht trína ndéanann an ÚAO maoirseacht agus trína n-iarrann sé dearbhuithe ó Chomhlachtaí Rialaithe an ÚAO faoi seach i ndáil le comhlíontacht. Áirítear leis sin na Comhaontuithe Bliantúla Maoirseachta; na Ráitis Bhliantúla maidir le Rialachas; Cruinnithe Bliantúla Buiséid agus Cuntasachta; Ráitis Airgeadais Bhliantúla; Tuarascálacha Institiúide Rialta agus Nósanna Imeachta Seachtracha um Nochtadh Cosanta. Tá an Creat bunaithe ar an reachtaíocht a rialaíonn an t-ardoideachas agus an Cód Rialachais um Chomhlachtaí Stáit 2016.

### **Maoirseacht Airgeadais**

Ní mór d'institiúidí ardoideachais a gcuid gníomhaíochtaí a phleanáil agus a bhainistiú ar bhealach lena gcinntítear a n-inbhuanaitheacht agus a n-inmharthanacht airgeadais. Tá céimeanna glactha ag an ÚAO chun measúnú airgeadais institiúidí a neartú agus leanaimid orainn ag obair i gcomhpháirt leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta ar an bpróiseas meastachán chun inbhuanaitheacht fhoriomlán institiúidí a fheabhsú. Déanann an ÚAO monatóireacht ghníomhach ar riocht airgeadais na n-institiúidí ardoideachais i rith na bliana trí thuairisciú rialta, athbhreithniú ar ráitis airgeadais agus bhuiséid agus cruinnithe bliantúla buiséid agus cuntasachta. Cabhraíonn na meicníochtaí sin le an ÚAO lena chuid freagrachtaí as tuairisciú agus monatóireacht a chomhlíonadh mar atá leagtha amach i *gCiorclán 13/2014 Bainistíocht agus Cuntasacht i leith Deontas ó Chistí an Státchiste* agus cuntasacht institiúidí a chinntiú mar atá leagtha amach in Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022.

### **An Prótacal ar Fheidhmiú Forálacha Reachtaíochta**

In 2023, rinneadh dul chun cinn le hobair chun Prótacal an ÚAO a Thacaíonn le Feidhmiú Forálacha Reachtaíochta (an "Prótacal") a dhréachtú agus a fhorbairt. Leis an bPrótacal déantar breithniú ar fhorálacha faoi Acht an Údaráis um Ard-Oideachas 2022 agus ailt ábhartha faoin reachtaíocht eárnála a bhaineann le hInstitiúidí Ardoideachais agus idirghníomhú le an ÚAO. Tugadh faoi phróiseas athbhreithnithe agus comhairliúcháin chun an prótacal sin a fhorbairt agus é mar aidhm an Prótacal a thabhairt chun críche in 2024.

### **Ráitis Bhliantúla maidir le Rialachas 2023**

Mar chuid de phróiseas an ÚAO um fheabhsú leanúnach déantar athbhreithniú bliantúil ar phróiseas an Ráitis Bhliantúil maidir le Rialachas agus i gcás inar cuí aithnítear agus déantar feabhsúcháin chuí. I gcás míreanna ar theimpléad an Ráitis Bhliantúil maidir le Rialachas a mbíodh cuid mhaith sonraí ag teastáil lena n-aghaidh roimhe sin, cuireadh in iúl níos soiléire iad i dtéarmaí 'comhlíon nó mínigh'. Tá maoirseacht Chomhlacht Rialachais an ÚAO fós ag croílár an phróisis.

### **Nósanna Imeachta um Nochtadh Cosanta**

I rith 2023, lean an tAonad um Rialachas Córais ar aghaidh ag bainistiú an phróisis i ndáil le nochtaí cosanta agus líomhaintí don ÚAO i dtaobh ábhair rialachais in Institiúidí Ardoideachais. Bhí Nósanna Imeachta an ÚAO um Nochtadh Cosanta a Dhéanamh don POF mar Dhuine Forordaithe ina mbonn faoin obair sin, a ndearnadh iad a nuashonrú i gcomhréir le ceanglais an Achta um Nochtadh Cosanta (Leasú) 2022, agus treoir ghaolmhar ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.



## 4(b) Maoiniú Córais agus Maoiniú Caipitil

Déanann Maoiniú Córais maoirseacht ar an leithdháileadh athfhillteach d'institiúidí le haghaidh gníomhaíochtaí lárnacha agus tá sé sin fós bunúsach d'obair an ÚAO i rith na bliana, le leithdháileadh agus íocaíocht €1.5bn le hinstiúidí ardoideachais.

I dteannta leis an maoiniú athfhillteach, leithdháil agus scaip an rannóg Maoinithe Chórais:

- An deontas aonuaire €1,000 i dtreo na ranníocaíochta mic léinn a d'íoc gach mac léinn atá incháilithe do Tháilí Saor in Aisce sa bhliain acadúil 2023/24 mar bheart costais maireachtála. Leithdháileadh maoiniú breise de €142,226,000 don earnáil i mí na Samhna 2023 a bhí bunaithe ar líon measta mac léinn. Déanfar aon choigeartuithe do na hinstiúidí Ardoideachais in 2024.
- Maoiniú le haghaidh áiteanna Breise Mac Léinn curtha ar fáil sna blianta acadúla 2021/22 agus 2022/23.
- Maoiniú i gcomhair an Chiste Cúnaimh do Mhic Léinn agus an Chiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas.

Is gné thábhachtach fós idir an ÚAO agus na hinstiúidí ardoideachais iad na cruinnithe bliantúla buiséid agus cuntasachta agus reáchtáladh i rith mhí an Mhárta agus mhí Aibreáin 2023 iad. Tá na cruinnithe sin ina gcuid de Chreat Rialachais an ÚAO agus tá ról lárnach acu sa monatóireacht agus maoirseacht a dhéanann an ÚAO ar na hinstiúidí sin.

### Aonad na gClár Caipitil

#### An Clár Infheistíochta Caipitil don Ardoideachas

In 2023, scaip Aonad na gClár Caipitil maoiniú caipitil thart ar €185m ar raon leathan tionscadal ar fud earnáil an ardoideachais amhail foirgnimh nua, athchóirithe, éadálacha suímh agus tionscadail dícharbónaithe a mhaoinítear iad go léir faoi chlár agus tionscnaimh éagsúla an Aonaid. Leanann Aonad na gClár Caipitil d'ionad Barr Feabhais a fhorbairt chun tacú le tionscadail mhóra chaipitil a chur i gcrích in earnáil an ardoideachais. Bhí roinnt tionscadal maoinithe de chuid an ÚAO nach mór críochnaithe in 2023 lena áiríodh Foirgneamh Sláinte agus Áineasa na hEolaíochta Spórt (FSÁES) in Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath.



Foirgneamh Sláinte agus Áineasa na hEolaíochta Spórt in Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

## Clár na gComhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha Ardoideachais

Le Clár na CPPanna Ardoideachais cuirfear 11 fhoirgneamh ardoideachais nua san iomlán ar fáil agus éascófar rollú 8,000 mic léinn breise. Cuimsíonn an chéad bheart sé thionscadal, arna gcur i gcrích faoi Thionscadal Éireann 2040, atá suite i gcampais na hOllscoile Teicneolaíochta i mBaile Átha Cliath, Tamhlacht agus i mBaile Bhlainséir; campais Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan i gCiarraí agus i gCorcaigh; Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta, Dún Laoghaire; agus i gcampas Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne i mBaile Átha Luain. Cuireadh tús le tógáil ar na sé thionscadal i mbeart 1 i R1 2023, agus rinneadh dul chun cinn maith le hobair ar fud na sé láithreán.

Cuimsíonn an dara beart cúig thionscadal, arna gcur i gcrích faoi Thionscadal Éireann 2040, atá suite i gcampais Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt i bPort Láirge agus i gCeatharlach; Campais Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh i nDún na nGall agus i nGaillimh; agus i gcampas Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne i Luimneach. D'eisigh an dara beart a chuireadh chun páirt a ghlacadh in idirphlé chuig táirgeoirí leasmhara i mí Lúnasa 2021 agus bhí an tionscadal ag céim an idirphlé i rith 2023.



Tá Foirgneamh Meán Digiteach Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire á thógáil.

## Clár Pathfinder um Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Dícharbónú

Sheol Aonad na gClár Caipitil leagan breise de Chlár Pathfinder um Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Dícharbónú (EEDPP) in 2023. Tá an ciste á chur i bhfeidhm le próiseas iarratais dhá-chéime. I mí na Samhna 2023, deonaíodh maoiniú do thrí iarratasóir déag ar éirigh leo faoin gcéad chéim den phróiseas chun foireann dheartha a cheapadh agus dearadh chéim 2a a fhorbairt lena chur isteach in 2024. Is í aidhm an chlár an méid atá foghlamtha i ndáil le héifeachtúlacht fuinnimh agus dícharbónú a chomhdhlúthú, agus cabhrú le príomhpháirtithe leasmhara leanúint orthu ag forbairt eolais, scála agus bealaí tástála agus oibriú i dtreo na spriocanna uailmhianacha dícharbónaithe a bhaint amach.



Iarfheistiú BER B ar Scoil Ghnó Uí Chuinn i COBÁC.

## Ciste Thionscadail Straitéiseacha na hEarnála Teicneolaíochta

Lean Aonad na gClár Caipitil air ag cur i bhfeidhm an phróisis iarratais dhá-chéime do Chiste Thionscadail Straitéiseacha na hEarnála Teicneolaíochta (TSSPF) in 2023. Tá an ciste sin dírithe ar acmhainn bhreise a sholáthar agus feabhsúcháin lárnacha bhonneagair a bhaint amach in earnáil na teicneolaíochta. I mí Aibreáin 2023, tugadh cuireadh do sheisear iarratasóirí ar éirigh leo sa chéad chéim den phróiseas Réamhchás Gnó a fhorbairt agus a chur isteach faoi mhí Lúnasa 2023. D'fhorbair agus sholáthair Aonad na gClár Caipitil sraith ceardlann chun tacú le hInstitiúidí Ardoideachais le Réamhchás Ghnó ar ardchaighdeán a fhorbairt. Rinne foireann mheastóireachta ina raibh ionadaithe ar an ÚAO agus DFHERIS measúnú ar na Réamhchás Ghnó. Tar éis an phróisis sin, thug DFHERIS faomhadh i mí na Samhna 2023 chun na ceithre thionscadal ab airde a rangáíodh a mhaoiniú.

## Cóiríocht Mac Léinn

Chuir Aonad na gClár Caipitil tionscadail lárnacha ar aghaidh faoin gClár Cóiríochta Mac Léinn in 2023. I mí Iúil 2023, cuireadh tús le Staidéar Indéantachta chun an leibhéal reatha soláthair agus éilimh i ndáil le cóiríocht mac léinn ar leibhéal réigiúnach agus náisiúnta a shuí, chomh maith le soláthar agus éileamh na todhchaí a réamh-mheas. Chuimsigh an chéad chéim sin den Staidéar Indéantachta bailiú fairsing sonraí ar fud na nOllscoileanna Teicneolaíochta, na nOllscoileanna agus na gColáistí uile, a chuimsigh creat um bhailiú sonraí, cruinnithe duine le duine le hionadaithe ar Institiúidí Ardoideachais, agus suirbhé láraithe ar mhic léinn maidir le cóiríocht mac léinn inar bailíodh 22,801 freagra (thart ar 10% de dhaonra na mac léinn). Tugadh Céim 1 den Staidéar Indéantachta chun críche i mí na Nollag 2023.

## 4(c) Forbairt & Feidhmíocht Córais, Beartas & Pleanáil Straitéiseach, Teagasc & Foghlaim

### Creat Feidhmíochta Córais 2023-2028

D'fhoilsigh an tÚdarás Ardoideachais Creat Feidhmíochta Córais 2023-2028 i mí Mheán Fómhair 2023 tar éis phróiseas fairsing comhairliúcháin i rith 2022 agus 2023 lena bhfuarthas ionchur ó Institiúidí Ardoideachais, ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais agus ó pháirtithe leasmhara eile. Cuimsíonn an mhaitrís creata ceithre cholún a léiríonn príomhréimsí na gníomhaíochta institiúide: Teagasc agus Foghlaim; Taighde agus Nuálaíocht; Rochtain agus Rannpháirtíocht; agus Plé. Tá gnéithe coiteanna ag gabháil leis na colúin sin agus roinnt tras-réimsí tionchair acu a léiríonn tosaíochtaí ar leibhéal an chórais náisiúnta don chóras ardoideachais agus taighde. I dteannta a chéile, cuireann colúin agus trasnaithe an mhaitrís creata meicníocht ar fáil d'institiúidí chun spriocanna feidhmíochta a aithint atá ar aon dul le straitéis institiúide.

Mar fhreagra ar an gcreat sin, chuir 16 Institiúid Ardoideachais Dréacht-Chomhaontuithe Feidhmíochta faoi bhráid an ÚAO i mí na Samhna 2023. Laistigh de chomhaontuithe, leagann institiúidí amach a ról uathúil i mbaint amach tosaíochtaí agus torthaí straitéiseacha náisiúnta atá cuí dá misean, dá scála, dá n-ionad agus dá bplean straitéiseach. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar na dréachtaí tosaigh, chuir an ÚAO tús le sraith de chruinnithe déthaobhacha le hInstitiúidí Ardoideachais i R4, 2023. Thacaigh na cruinnithe idir an ÚAO agus ceannairí sinsearach institiúide le comhthuiscint agus comhaontú ar Spriocanna Feidhmíochta agus spriocanna tacaíochta, trí shoiléiriú, aiseolas, agus idirphlé. D'eisigh an Fheidhmeannacht sraith de ghníomhartha comhaontaithe tar éis gach cruinnithe dhéthaobhaigh agus bhí tuilleadh plé acu le hInstitiúidí trí chomhfhreagras scríofa agus chruinnithe ad-hoc, de réir mar a iarradh, chun tacú le beachtú na gComhaontuithe Feidhmíochta ceithre bliana roimh fhoilsiú in 2024.



## Maoiniú Feidhmíochta

Cuireadh isteach an tuairisc dheiridh agus na tuarascálacha airgeadais le haghaidh thionscadail faoi Mhaoiniú Feidhmíochta 2019 agus fuarthas aiseolas ón an ÚAO. Tar éis don fhoireann um Fhorbairt Córas agus Bainistiú Feidhmíochta athbhreithniú a dhéanamh ar na tuarascálacha sin fuarthas go raibh raon torthaí dearfacha bainte amach ag na tionscadail i réimsí tosaíochta náisiúnta amhail scileanna, infhostaitheacht agus chomhpháirtíochtaí tionscail; comhar taighde agus teagaisc idirnáisiúnta; acmhainn taighde a fhorbairt chun rath a bhaint amach; rochtain agus rannpháirtíocht; rath mac léinn; rannpháirtíocht ar an gcampas agus sa phobal; agus inbhuanaitheacht. Thacaigh Maoiniú Feidhmíochta 2019 le heolas luachmhar a foghlaimíodh ó na tionscadail sin a roinnt – eolas ar leathnú samhlacha um fhoghlaim ar líne agus fhoghlaim hibrídeach, tairbhí an chomhair agus an chomhdheartha, agus cuir chuige éifeachtacha i dtreo rannpháirtíocht phobail agus acmhainn taighde a fhorbairt – trí ghníomhaíochtaí for-rochtana agus scaipthe. Leis an bpróiseas tuairiscithe agus athbhreithnithe freisin tugadh léargais úsáideacha ar thionchair na paidéime agus na ndianghlasálacha ar ghníomhaíochtaí campais, soláthar clár, taisteal, agus earcaíocht agus coinneáil; agus ar fhreagraí tionscadal do na dúshláin agus na deiseanna a d'eascair ón gcur isteach sin.

I R1 2023, thug tionscadail Mhaoiniú Feidhmíochta 2021 tuairisc ar an dul chun cinn agus ar thorthaí óna gcead bhliain trí mheán tuarascálacha eatramhacha a chur isteach. Rinne an fhoireann um Fhorbairt Córais agus Bainistiú Feidhmíochta athbhreithniú ar na tuarascálacha agus tugadh aiseolas do na cúig Institiúid Ardoideachais. Cuireadh tús le clár Maoinithe Feidhmíochta 2022 de réir an sceidil in 2023, agus chuir na sé hInstitiúid Ardoideachais uile tús leis na tionscadail fhaofa an 1 Eanáir 2023.

Ar an 25 Meán Fómhair, d'fhógair an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Simon Harris, TD go leithdháilfí dámhachtainí Maoinithe Feidhmíochta le haghaidh 2023 ar luach iomlán €5.5m do chúig Institiúid Ardoideachais. Dámhadh an maoiniú ar bhonn meastóireachta neamhspleáiche ag painéal neamhspleách saineolaithe ar Chás-Staidéir Measúnaithe Tionchair. Léirigh na cás-staidéir a chuir Institiúidí Ardoideachais isteach tionscnaimh eiseamláire a chuir go mór le tosaíochtaí straitéiseacha agus beartais náisiúnta. Ghlac ionadaithe ar na cás-staidéir rathúla leis na dámhachtainí ó Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an ÚAO an Dr Alan Wall ag searmanas bronnta speisialta ag an imeacht seolta don Chóras Bainistíochta Feidhmíochta ag Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt i gCeatharlach. Tá na dámhachtainí liostaithe idTábla x thíos agus tá sonraí faoi na cás-staidéir foilsithe ar láithreán gréasáin an ÚAO.

D'úsáid na cúig Institiúid Ardoideachais an maoiniú chun tacú le tionscadail a leathnaíonn agus a chuireann ar aghaidh na tionscnaimh a bhí curtha i láthair sna cás-staidéir rathúla, i réimsí amhail inbhuanaitheacht, rochtain agus rannpháirtíocht, rannpháirtíocht phobail agus champais, agus oideachas Gaeilge. Rinne an fhoireann um Fhorbairt Córais agus Bainistiú Feidhmíochta idirchaidreamh le ceannairí tionscadail chun pleananna tionscadail agus creataí meastóireachta a fhorbairt agus comhaontú orthu agus faomhadh gach tionscadal i R4 le tosú an 1 Eanáir 2024.

Tábla x: Institiúidí Ardoideachais ar deonaíodh Maoiniú Feidhmíochta dóibh in 2023 tar éis meastóireacht sheachtrach ar chás-staidéir

Institiúid Ardoidea chais	Teideal an Chás-Staidéir ar an Measúnacht Tionchair	Dámhachtain Maoinithe Feidhmíochta
Ollscoil na Gaillimhe (UG)	An Clár* um Thoiliú Gníomhach: Ceannaireacht ar athrú cultúir eanála	€1,297,969
Ollscoil Luimnigh (UL)	Baile Glas: Tionchar na líonraí coiriúla ar leanaí agus teaghlaigh a laghdú	€1,297,969
Institiúid Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (SETU)	Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt & An Cosán: Leas a bhaint as cumhacht an oideachais phobail chun conairí bunathraitheacha chuig an ardoideachas a chruthú ar mhaithe le cuimsiú sóisialta agus forbairt inbhuanaithe	€1,000,000
Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (OT Bhaile Átha Cliath)	Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath: Eiseamláir Inbhuanaitheachta	€1,000,000
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (COC)	Barr na gCnoc: Tionscnamh Píolótach Pobalscoileanna le Cúnamh Ollscoile	€1,000,000
<b>Iomlán</b>		<b>€5,595,938</b>

### Ciste um Bunathrú na nOllscoileanna Teicneolaíochta

Tríd an gCiste um Bunathrú na nOllscoileanna Teicneolaíochta (TUTF), dar luach €90m, a fógraíodh i mBuiséad 2020, leanadh de thacú le forbairt eanáil an ardoideachais teicneolaíochta in 2023. Rinne an ÚAO monatóireacht ar an dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm na dtionscadal buathraitheach lena dtacaíonn an Ciste um Bunathrú na nOllscoileanna Teicneolaíochta agus cuireann faighteoír an mhaoinithe pacáiste oibre, tuarascálacha airgeadais agus insinte isteach dhá uair sa bhliain. Reáchtáladh cruinnithe ar dhul chun cinn le hinstitiúidí freisin.

I mí an Mhárta 2023 tugadh le fios le tuairisciú institiúide ar chaiteachas agus aiseolas ó Institiúidí Ardoideachais go bhféadfadh nach bhféadfaí na pacáistí caiteachais agus oibre a thabhairt chun críche faoi dháta deiridh tosaigh an chiste mar a bhí an 31 Lúnasa 2023. Mar aitheantas don am breise a theastaíonn chun tionscadail an Chiste um Bunathrú na nOllscoileanna Teicneolaíochta a thabhairt chun críche, d'fhorbair an fhoireann um Fhorbairt Córais agus Bainistiú Feidhmíochta beartas um shíneadh riaracháin agus próiseas iarratais i ndáil leis an gCiste um Bunathrú na nOllscoileanna Teicneolaíochta. D'éascaigh an beartas maidir le Ciste um Bunathrú na nOllscoileanna Teicneolaíochta iarratais ar shíneadh suas le 12 mhí ar a mhó (31 Lúnasa 2024) chun cur ar chumas institiúidí a gcuid spriocanna a bhaint amach agus na cistí a bhí fágtha a chaitheamh. Chuir na seacht bhfaighteoír uile ón gCiste um Bunathrú na nOllscoileanna Teicneolaíochta iarratas isteach ar Shíneadh Riaracháin faoin gCiste um Bunathrú na nOllscoileanna Teicneolaíochta. Faomhadh na hiarratais sin, agus leantar ar aghaidh ag tabhairt tuairisce ar dhul chun cinn don ÚAO, a dhéanann monatóireacht air, le linn thréimhse an tsínte.

### Maoiniú Tírdhreacha

Fuarthas Tuarascálacha Deireanacha ar Mhaoiniú Tírdhreacha ó Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (Dún na nGall), Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (STAC), Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne agus Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt in 2023. Rinneadh anailís ar na tuarascálacha sin agus d'eisigh an tÚdarás um Ard-Oideachas dhá litir lenar dearbhaíodh go raibh tionscadail na n-institiúidí sin tugtha chun críche i mí Dheireadh Fómhair 2023 agus eiseofar an dá litir eile in R1 2024.

## An Ciste um Chur Chun Cinn Earnáil na Teicneolaíochta

Seoladh an Ciste um Chur Chun Cinn Earnáil na Teicneolaíochta (TSAF) i mí Iúil 2023 chun tacaíocht spriocdhírthe a thabhairt do thionscnaimh atá ríthábhachtach le haghaidh fhorbairt straitéiseach earnáil na teicneolaíochta. Cuirfidh an ciste leis an gcostas as gníomhaíochtaí nua a chothabháil nó a thosú atá ríthábhachtach d'institiúid chun a misean agus a plean straitéiseach a chur i gcrích. Chuige sin, tá sé mar phríomhchuspóir ag an gCiste um Chur Chun Cinn Earnáil na Teicneolaíochta tacú le hinstiúidí le gníomhaíochtaí a fuair tacaíocht ó shreafaí maoinithe roimhe sin a bhí tiomnaithe do bhunathrú earnáil na teicneolaíochta, amhail an Ciste um Bunathrú na nOllscoileanna Teicneolaíochta. Le Ciste um Chur Chun Cinn Earnáil na Teicneolaíochta, déantar soláthar do thionscnaimh a bhaineann leis na céimeanna deireanacha den tsraith dheireanach de leasuithe ar réimse an ardoideachais.



Fuarthas iarratais ar Chiste um Chur Chun Cinn Earnáil na Teicneolaíochta ó na seacht n-institiúid a bhí incháilithe le hiarratas a dhéanamh ar an gciste faoin spriocdháta chun iarratais a chur isteach, an 19 Deireadh Fómhair 2023. Fuarthas dhá hiarratas earnála, ar bhain gach ceann acu le gach institiúid incháilithe agus ar bhain an ceann eile leis na cúig Ollscoil Teicneolaíochta. Cuireadh faisnéis shonrach ar phacáistí oibre agus gníomhartha tionscadail ar fáil mar chuid d'iarratais. Rinne baill d'Fheidhmeannacht ÚAO measúnú ar thograí tionscadail ar aon dul le critéir mheasúnaithe an Chiste um Chur Chun Cinn Earnáil na Teicneolaíochta, lena bpléitear le hábharthacht tionscadail, caighdeán an togra agus dearadh tionscadail, éifeachtúlacht agus éifeachtacht, agus rialachas agus maoirseacht airgeadais. Chinn an Fheidhmeannacht gurbh fhiú maoiniú a thabhairt do na seacht n-iarratas institiúide faoin gCiste um Chur Chun Cinn Earnáil na Teicneolaíochta. Moladh leithdháilte le haghaidh sé cinn de na seacht n-iarratas do Bhord an ÚAO i mí na Samhna 2023 (féach ar Thábla X) agus eisíodh Litreacha Leithdháilte do na hInstitiúidí Ardoideachais i mí na Samhna 2023. Meastar go molfar leithdháileadh le haghaidh Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire (IADT) do Bhord an ÚAO in 2024. Ba ghá tuilleadh plé a dhéanamh le hionadaithe ar Institiúidí Ardoideachais a bhí rannpháirteach sa dá hiarratas earnála ar mhaoiniú sula ndéanfaí cinneadh faoi thoradh na n-iarratas sin. Táthar ag súil le cinneadh i ndáil leis an dá hiarratas i R1 2024.

Tábla X: Leithdháileadh Tionscadal an Chiste um Chur Chun Cinn Earnáil na Teicneolaíochta

Institiúid	Leithdháileadh Tionscadal
Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh	€8,500,000.00
Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan	€3,200,000.00
Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan	€7,500,000.00
Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt	€9,500,000.00
Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath:	€9,500,000.00
Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne	€7,000,000.00
<b>Leithdháileadh iomlán 2023</b>	<b>€ 45,200,000.00</b>
<b>Ciste iomlán</b>	<b>€ 50,000,000.00</b>

## Scéim na nOllscoileanna Teicneolaíochta um Thaighde agus Nuálaíocht a Thacaíonn leis an bhFiontraíocht

Rinne an ÚAO dul chun cinn le forbairt Scéim Taighde agus Nuálaíochta na nOllscoileanna Teicneolaíochta chun Tacú le Fiontraíocht (TU RISE) atá cómhaoinithe ag Rialtas na hÉireann agus an Aontas Eorpach trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), Clár Réigiúnach an Deiscirt, an Oirthir agus Lár na Tíre 2021-27 agus Clár Réigiúnach an Tuaiscirt & an Iarthair 2021-27. Aontaíodh ar phleananna forfheidhmithe le haghaidh na scéime le Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair i mí na Bealtaine 2023, agus ina dhiaidh sin sheol an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Simon Harris, TD, glao ar iarratais ag an imeacht *Research Futures* de chuid an ÚAO i mí Iúil 2023.

Cuirfidh TU RISE maoiniú €83.68m ar fáil thar cheithre bliana (2023-2027) trí mheán dhá chláir réigiúnaigh. Tá maoiniú €63.68m ar fáil faoi Chlár Réigiúnach an Deiscirt, an Oirthir agus Lár na Tíre, agus tá maoiniú €20m ar fáil faoi Chlár Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair. Tá na seacht n-institiúid uile in earnáil an ardoideachais teicneolaíochta incháilithe faoin scéim, agus cuireadh seacht n-iarratas ar mhaoiniú isteach i mí Mheán Fómhair 2023. Tionóladh painéal measúnaithe i mí Mheán Fómhair chun athbhreithniú neamhspleách a dhéanamh ar iarratais trí chloí leis an modheolaíocht roghnúcháin a bhí leagtha amach sa Phlean Forfheidhmithe agus sa doiciméad glao. Ba ghá scór íosta a bhaint amach ar fud na gcritéar measúnaithe seo a leanas dá réir: ábharthacht, caighdeán, dearadh tionscadail, éifeachtúlacht agus éifeachtacht, agus rialachas, airgeadas agus bainistíocht riosca. Rinneadh foráil sa phróiseas measúnaithe le haghaidh institiúidí nár bhain amach an tairseach íosta le haghaidh maoinithe chun a n-iarratas a athbhreithniú agus a chur isteach arís.

Tugadh fógra d'institiúidí faoin toradh ar a gcuid iarratas ar mhaoiniú i mí na Samhna, agus tá leithdháiltí leagtha amach i dTábla X thíos. Freisin dhear an Fhoireann um Fhorbairt Córais agus Bainistíú Feidhmíochta próiseas faofa tionscadail chun tacú le monatóireacht ar dhul chun cinn tionscadail le linn shaolré an chiste. Reáchtáladh seisiún eolais faoin bpróiseas sin ag deireadh mhí na Samhna agus iarradh ar institiúidí pleananna agus buiséid tionscadail a chur isteach a bhí i gcomhréir lena leithdháiltí faoi thús mhí na Nollag mar ullmhúchán do thosú an tionscadail an 1 Eanáir 2024. Síniú Comhaontuithe Deontais le gach institiúid faoi TU RISE i mí na Nollag 2023.

Tábla X: Leithdháileadh Tionscadal TU RISE

Institiúid Ardoideachais	Maoiniú
Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan	€14,600,000
Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath:	€13,600,000
Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt	€13,600,000
Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne	€12,000,000
Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan	€5,000,000
Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire	€3,600,000
Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh	€19,600,000





## N-TUTORR

Rinneadh dul chun cinn arís in 2023 le tionscadal um Bunathrú Náisiúnta na nOllscoileanna Teicneolaíochta um Théarnamh agus Athléimneacht (N-TUTORR) (€40m), atá maoinithe ag Ciste Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta an Aontais. Cuireadh Tuarascáil Bhliantúil Bhliain a hAon (insint; pacáiste oibre; tuairiscí airgeadais) faoi bhráid an ÚAO ag an Oifig Bainistíochta Tionscadal thar ceann na seacht n-institiúid rannpháirtí i mí Aibreáin 2023. Ansin cuireadh isteach Tuarascáil Eatramhach le haghaidh Bhliain a Dó i mí Mheán Fómhair 2023. Tugadh le fios leis an dá thuarascáil go raibh dul chun cinn maith déanta ar an iomlán le gníomhaíochtaí an phacáiste oibre, agus go leor tionscnamh úrnua idir lámha le haghaidh foirne agus mac léinn. Chuimsigh sé sin seoladh Chomhaltachtaí na 'Mac Léinn mar Chomhpháirtithe sa Nuálaíocht agus san Athrú' in Óstán Spencer i mí na Bealtaine 2023. Is deis é an clár comhaltachta seo do mhic léinn agus do bhaill foirne oibriú as lámha a chéile ar thionscadail lena ndírítear ar thairbhí mac léinn in Ollscoileanna Teicneolaíochta agus in Institiúidí Teicneolaíochta a fheabhsú. Bronnadh dámhachtainí ar 131 tionscadal ar fud na gcúig Ollscoil Teicneolaíochta agus dhá Institiúid Teicneolaíochta ar luach €650k san iomlán.

Rinne an tÚdarás um Ard-Oideachas cathaoirleacht ar cheithre chruinniú de ghrúpa Uachtaráin N-TUTORR i rith 2023, agus i measc na míreanna ar an gclár oibre bhí dul chun cinn tionscadal, caiteachas agus rialachas. Reáchtáil an Fhoireann um Fhorbairt Córais agus Bainistiú Feidhmíochta cruinnithe dé-sheachtainiúla freisin leis an Oifig Bainistíochta Tionscadail chun dul chun cinn ar thionscadail agus tuairisciú don Choimisiún Eorpach a phlé. Leanadh ar aghaidh le tuairisciú náisiúnta don Roinn Caiteachais, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe agus don Choimisiún Eorpach i rith 2023, lenar áiríodh tuarascálacha dul chun cinn a thabhairt ar na meicníochtaí fíoraithe tionscadail (rannpháirtithe foirne/mic léinn), táscairí coiteanna, agus caiteachas. Scaipeadh an t-iarmhéid tionscadail de €21m ar chomhpháirtithe tionscadail i R4 2023 chun tacú le gníomhaíochtaí Bhliain a Dó.

## Ceapadh Painéal Comhairleach Saineolaithe chun deiseanna a athbhreithniú um chláir nua san Fhiaclóireacht, sa Chógaisíocht, sa Leigheas, san Altranas agus sa Tréidliacht

Tháinig deireadh in 2023 leis an bpróiseas chun roghanna a aithint um fhorbairt acmhainne san Fhiaclóireacht, sa Chógaisíocht, sa Leigheas, san Altranas agus sa Tréidliacht ar cuireadh tús leis in 2022 le Léiriú Spéise tosaigh ó institiúidí. Dearadh agus forbraíodh próiseas iarratais dara céime le haghaidh institiúidí a raibh cláir nua á moladh acu agus fuarthas naoi n-iarratas déag faoin 16 Eanáir 2023. Ceapadh painéal a bhí déanta suas d'ionadaithe ar ranna rialtais agus chomhlachtaí rialála agus gairmiúla ag a bhfuil taithí ghairmiúil dhíreach agus/nó saineolas acadúil sna disciplíní ábhartha, nó eolas ar an gcóras ardoideachais ar leibhéal sinsearach, chun cláir acadúla inmharthana a aithint. Reáchtáladh cruinniú painéil an 22 Feabhra 2023 agus d'fhéach iniúchóir próisis thairis. Rinne an Fheidhmeannacht athbhreithniú ar thoradh an phainéil, i dteannta le roghanna um méadú cláir, chun liosta deireanach roghanna um fhorbairt acmhainne a shainiú. Cuireadh tuarascáil ina raibh sonraí ar dheiseanna chun acmhainn bhreise a chruthú trí chláir a chruthú agus a leathnú faoi bhráid an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta, agus Eolaíochta an 31 Márta 2023.



## Comhdháil an ÚAO – ‘Tacú le Rath trí Fholláine san Ardoideachas’

Thug an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus Cirt, Simon Harris TD (20 Aibreán 2023) an óráid tosaigh ag céad chomhdháil náisiúnta folláine na hÉireann don ardoideachas. Tugadh ‘Tacú le Rath trí Fholláine san Ardoideachas’ mar theideal don chomhdháil agus rinne an ÚAO í a óstáil.

Leis an gcomhdháil leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann le tacaíocht d'fholláine mac léinn agus foirne a chumhdach in obair ár gcuid institiúidí ardoideachais mar chumasóir ríthábhachtach do thorthaí rathúla dóibh siúd atá i mbun an ardoideachais. Ba í an aidhm a bhí i gceist aird a tharraingt ar an ról cumhachtach atá ag ceannairí institiúide ó thaobh soláthar na tacaíochta sin a chinntiú.

## Gairmeacha Grianghraif le hInstitiúidí do Chairt na gCampas Sláintiúil

Chun síniú Chairt na gCampas Sláintiúil a cheiliúradh, réachtáil go leor institiúidí gairmeacha grianghraif le ceannairí sinsearach agus leis an ÚAO. In 2023 réachtáladh imeachtaí in gColáiste Ollscoile Chorcaí & Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan (imeacht comhpháirteach, Ollscoil Luimnigh, Coláiste Mhuire Gan Smál, Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan, Coláiste Ríoga na Máinlia in Éirinn agus an Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath.





### **Coláiste Ríoga na Máinlia in Éirinn Rangaithe #1 i Ranguithe Ollscoileanna Ardoideachais an Times le haghaidh SDG #3 ‘Dea-Shláinte agus Folláine’**

Rangaíodh Coláiste Ríoga na Máinlia in Éirinn #1 i Ranguithe Ollscoileanna Ardoideachais an Times le haghaidh SDG #3 ‘Dea-Shláinte agus Folláine’. Tacaíodh lena rangú le cur i bhfeidhm Chairt agus Creat na gCampas Sláintiúil’ de chuid an ÚAO acu.

#### **Gníomhaí Gaeilge**

I mí na Bealtaine 2023, ceiliúradh deireadh na bliana acadúla ó thaobh na ngníomhaíochtaí ag Óstán Temple Bar le hócáid Dámhachtainí Gníomhaí Gaeilge. Leis an imeacht sin le haghaidh mac léinn agus chumainn ollscoile aithníodh iarrachtaí chun an Ghaeilge a chur chun cinn agus a úsáid san Ardoideachas. Bronnadh naoi ndámhachtain déag ar aontais mac léinn agus chumainn éagsúla, agus aithníodh 27 nduine as a gcuid iarrachtaí.

#### **Tuarascáil Jigsaw ar Chur Chun Cinn na Meabhairshláinte san Ardoideachas**

D’oibrigh an ÚAO i ndlúthpháirt le Jigsaw chun tacú le foilsiú a **dTuarascála ar Chur chun Cinn na Meabhairshláinte san Ardoideachas** lenar cuimsíodh freastal ar a gcruinniú boird, díriú ar théamaí atá sa Chreat Náisiúnta um Mheabhairshláinte Mac Léinn agus Féinmharú a chosc, na chéad chéimeanna eile agus brollach leis an Dr Ross Woods. Chuimsigh an tuarascáil achoimre ar an bplé ar phríomhthéamaí chomh maith le moltaí.

#### **Bunaíonn an tÚdarás um Ard-Oideachas Coiste Nua um Rannpháirtíocht Mac Léinn agus Teagasc agus Foghlaim**

D’fhógair an ÚAO go raibh an Coiste um Rannpháirtíocht Mac Léinn agus Teagasc & Foghlaim á bhunú, arna cheapadh ag Bord an ÚAO chun cáilíocht rannpháirtíocht na mac léinn agus an teagaisc & na foghlama a fheabhsú ar fud na hearnála. Is é an ÚAO a rialaíonn an coiste, agus tugann sé sainchomhairle agus moltaí ar aon dul leis na tosaíochtaí beartais atá leagtha amach ag an mBord.

#### **Ceiliúránn na Dámhachtainí um Barr Feabhais san Fhoghlaim, sa Teagasc agus sa Mheasúnú (DELTA) Éacht Suntasach Fhoirne Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan agus Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt**

D’fhógair an Fóram Náisiúnta um Fheabhsú Teagaisc agus Foghlama san Ardoideachas gur bronnadh an Dámhachtain um Barr Feabhais Disciplíneach san Fhoghlaim, sa Teagasc agus Mheasúnú (DELTA) ar dhá hinstitiúid ardoideachais in Éirinn. Bronnadh an dámhachtain náisiúnta mór le rá ar ghrúpaí disciplín a léiríonn teist feabhais i bhfeabhsú teagaisc agus foghlama agus a thugann gealltanas i leith próiseas roinnte um fheabhas leantach atá leanúnach agus curtha in iúl go soiléir.



### **Foilsíonn an ÚAO Tuarascáil EUROSTUDENT VIII**

Le tuarascáil a d'fhoilsigh an ÚAO, nochtadh go raibh líon na mac léinn a bhí rollaithe in institiúidí ardoideachais na hÉireann méadaithe faoi 6.3%.

Rinneadh an tuarascáil sin ar Choinníollacha Sóisialta agus Maireachtála Mac Léinn Ardoideachais in Éirinn 2022. Sa tuarascáil sin, ina chuirtear i láthair fionnachtana an ochtú suirbhé EUROSTUDENT ar mhic léinn ardoideachais in Éirinn, tugadh lear mór sonraí déimeagrafacha, eacnamaíocha agus sóisialta atá inchoimparáide go hidirnáisiúnta. Rinneadh suirbhé ar os cionn 21,000 mac léinn a bhí ag freastal ar institiúidí ardoideachais mar chuid den tuarascáil.

### **Leithdháileadh Maoinithe chun Nuálaíocht agus Feabhas sa Teagasc agus san Foghlaim a Chothú ar fud Earnáil an Ardoideachais**

Sholáthair an ÚAO Maoiniú SATLE (Ailíniú Straitéiseach ar Fheabhsú Teagaisc agus Foghlama) €6.1m d'Institiúidí Ardoideachais. Dírítear leis an maoiniú ar nuálaíocht san oideachas ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe, claochlú digiteach agus sláine acadúil. Bhí leithdháileadh 2023 déanta suas de sciar de bhunmhaoiniú €5m agus breisiú aonuaire, a thóg an ciste iomlán go €6.1m. Mar chuid den mhaoiniú, leanann institiúidí orthu ag glacadh cur chuige straitéiseach cuí i dtreo teagasc agus foghlaim a fheabhsú thar thréimhse trí go cúig bliana, chun nuálaíocht agus feabhsú teagaisc agus foghlama a chothú ar fud earnáil an ardoideachais. Ar aon dul leis an gcur chuige oscailte agus roinnte atá glactha ag an bhFóram Náisiúnta go dtí seo, taispeánann institiúidí léargais/acmhainní/dea-chleachtas lárnach agus tionchar a gcuid tionscnamh trí chomhdhálacha agus imeachtaí náisiúnta agus aschuir atá inrochtana trí **Mhol Náisiúnta Acmhainní an Fhórait Náisiúnta**.



### **Corprú Choláiste San Aingeal in Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh**

Ar an 1 Samhain 2023, corpraíodh Coláiste San Aingeal go hoifigiúil in Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (ATU). Tar éis go bhfuarthas iarratas ar chorprú Choláiste San Aingeal, Sligeach, in Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (ATU) i mí na Samhna 2022, cheap Bord an ÚAO fochoiste chun gníomhú mar an bPainéal Comhairleach chun athbhreithniú a dhéanamh ar an iarratas ar chorprú in ollscoil teicneolaíochta.

### **Dámhachtain DELTA um Fheabhas sa Teagasc agus san Fhoghlaim Bronnta ar Fhoireann PETE ó Choláiste Mhuire gan Smál**

D'fhógair an Fóram Náisiúnta um Fheabhsú Teagaisc agus Foghlama san Ardoideachas foireann na Múinteoirí Corpoideachais (PETE) ó Choláiste Mhuire gan Smál, faoi stiúir an Dr Michelle Dillon, mar an bhfaighteoir is déanaí don Dámhachtain mhór le rá um Fheabhas Disciplíneach san Fhoghlaim, sa Teagasc agus sa Mheasúnú (DELTA). Bronnadh an dámhachtain náisiúnta mór le rá ar ghrúpaí disciplín a léiríonn teist mharthanach feabhais i bhfeabhsú an teagaisc agus na foghlama.

### **Duais Mhór le Rá EOCNA um TFC san Oideachas bronnta ar Fhóram Náisiúnta an ÚAO um Fheabhsú Teagaisc agus Foghlama san Ardoideachas**

Fógraíodh Fóram Náisiúnta an ÚAO um Fheabhsú Teagaisc agus Foghlama san Ardoideachas mar Bhuaiteoir na Duaise Gradamaí EOCNA, Duais an Rí Hamad Bin Isa Al-Khalifa um Úsáid TFC san Oideachas. Leis an dámhachtain mhór le rá sin aithnítear tionscnamh an Fhórait Náisiúnta, 'Tacú le hOideachas Oscailte: Samhail na hÉireann chun Tacú le hÚsáid Acmhainní Oideachasúla Oscailte (AOO) agus Cleachtais Oideachasúla Oscailte (COO) don Teagasc agus don Fhoghlaim', a chuirtear i bhfeidhm trína Mhol Náisiúnta Acmhainní agus Chúrsaí Oscailte dóibh siúd atá i mbun an teagaisc.



## 4(d) Taighde & Beartas Taighde

### Oideachas Dochtúireachta

I rith 2023, lean an ÚAO air ag tacú le cur i bhfeidhm an Chreata Náisiúnta um Oideachas Dochtúireachta (NFDE) trí Fhóram Comhairleach NFDE a dhéanann an ÚAO agus Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann comhchathaoirleacht air. Freisin mhaoinigh an ÚAO tionscnamh nua forbartha gairme do mhic léinn dochtúireachta in 2023 ar a dtugtar an Clár Náisiúnta Odyssey.

### Creat Náisiúnta don Oideachas Dochtúireachta

Bhí cruinnithe ag Fóram Comhairleach an Chreata Náisiúnta don Oideachas Dochtúireachta i rith 2023 agus tar éis comhairliúcháin le príomhpháirtithe leasmhara san oideachas dochtúireachta in Éirinn, seoladh Creat Náisiúnta athnuaite don Oideachas Dochtúireachta (NFDE) ag imeacht Research Futures de chuid an ÚAO i mí Iúil 2023.

Lean meithleacha oibre Fhóram Comhairleach an Chreata Náisiúnta don Oideachas Dochtúireachta (NFDE) ar aghaidh ag cur chun cinn moltaí ó thuarascáil 2021 EUA Solutions ar leibhéal chur i bhfeidhm NFDE in 2023.

- Chríochnaigh an mheitheal oibre ar Phróifíl Gairme a cuid oibre ar fhorbairt láithreán gréasáin MyPhD.ie, a seoladh ag imeacht Research Futures de chuid an ÚAO i mí Iúil 2023. Tá Creat Náisiúnta athnuaite don Oideachas Dochtúireachta ar an láithreán, mar aon le haschuir ón mheitheal oibre ar Phróifíliú Gairme Taighde.
- Chuir an mheitheal oibre ar Rianú Gairme ar aghaidh obair um chóras náisiúnta rianú gairme do chéimithe dochtúireachta le hionchur ón bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO).
- D'fhorbair an mheitheal oibre ar Rannpháirtíocht Mac Léinn Iarchéime teimpléad le haghaidh institiúidí chun rannpháirtíocht ag mic léinn taighde iarchéime (TIC) ina gcuid institiúidí agus scaipeadh é sin chuig Institiúidí Ardoideachais ag tús na bliana. Rinneadh anailís ar an léarscáiliú in 2023 agus críochnófar tuarascáil ar ghníomhaíochtaí na meithle oibre in 2024.

### An Clár Náisiúnta Odyssey

Forbraíodh an Clár Odyssey ar dtús i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh in 2018 agus tá sé dírithe ar thacú le mic léinn dochtúireachta le bealaí gairme éagsúla a iniúchadh. Ag am ina mbíonn gairmeacha ag éirí níos casta, féadfaidh taighdeoirí gabháil do dheiseanna gairme ní hamháin sa réimse acadúil ach freisin sa tionscal, sa rialtas, in eagraíochtaí seachbhrabúis agus san fhiontraíocht. Cuimseoidh cur i bhfeidhm an Chláir Náisiúnta Odyssey an tionscnamh a shíneadh go gach institiúid ardoideachais leasmhar.

Sheol an tAire Simon Harris an clár ag imeacht Research Futures de chuid an ÚAO i mí Iúil 2023 agus i mí na Samhna cuireadh maoiniú ar fáil don Chlár Náisiúnta Odyssey chun tacú leis an gcéim phíolótach, agus soláthrófar cistiú breise nuair a chríochnófar an clár píolótach.

### Taighde Oscailte

In 2023, lean an ÚAO ar aghaidh ag tacú le tionscnaimh taighde oscailte. Bhí an cistiú agus tacaíocht a tugadh do rLeabharlann Taighde na hÉireann (IREL), do Taisclann Dhigiteach na hÉireann (DRI), d'Fhóram Náisiúnta na hÉireann um Thaighde Oscailte (NORF) agus don Chuibhreannas um Aitheantóir Rannchuiditheora (ORCID) ina gcuidiú chun spriocanna don taighde oscailte a bhaint amach mar atá leagtha amach in Impact 2030: Straitéis Taighde agus Nuálaíochta na hÉireann agus Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Thaighde Oscailte 2022 – 2030.

Chumasaigh an cistiú rochtain mhéadaithe ar r-acmhainní ar fud na hearnála agus caomhnú sonraí cultúrtha agus oidhreacht, agus d'éascaigh sé méadú ar chomhtháthú aitheantóirí buana ar fud córas faisnéise agus ardáin chistiúcháin don taighde eanála chomh maith lena gcur chun cinn i meas taighdeoirí.

## **IReL**

Thug an ÚAO tacaíocht leanúnach maoiniúcháin do IReL in 2023 mar fhreagra ar thogra maoiniúcháin a chuir IReL isteach. Chuir an ÚAO maoiniú €3.6m san iomlán ar fáil trí DFHERIS agus soláthraíodh €2.6m le haghaidh na gcostas as comhaontuithe bunathraitheacha a thugann rochtain ar r-acmhainní ar fud na hearnála agus €1m i dtreo costas bainistíochta méadaithe a theastaíonn chun an rLeabharlann a chothabháil.

## **Fóram Náisiúnta na hÉireann um Thaighde Oscailte (NORF)**

Thug an ÚAO maoiniú €1.75m do thrí thionscadal déag atá bunaithe ar chuibhreannais mar chuid de Chiste Taighde Oscailte NORF 2023. Is í aidhm na dtionscadal maoinithe cur i bhfeidhm an Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Thaighde Oscailte 2022-2030 a chur ar aghaidh agus chun acmhainn náisiúnta agus bonneagar don taighde oscailte a fhorbairt. Leithdháileadh maoiniú thar dhá shnáithe. Snáithe I: Glao ar Ghníomhartha Tosaíochta 2023 agus Snáithe II: Glao ar Spreagadh Taighde Oscailte 2023.

Reáchtáil Fóram Náisiúnta na hÉireann um Thaighde Oscailte a Fhéile Náisiúnta Taighde Oscailte (NORFest) i mí na Samhna 2023 in Acadamh Ríoga na hÉireann. Leis an imeacht, cuireadh fóram ar fáil don phobal taighde chun plé a dhéanamh ar Éire a aistriú chuig an taighde oscailte agus chun tionscadail a sheoladh a mhaoinitear faoi Chiste Taighde Oscailte NORF. Reáchtáladh freisin sraith de cheardlanna ag an am céanna chun tacú le heolaíocht oscailte agus le taighde oscailte agus chun iad a chur chun cinn.

I mí na Samhna 2023, choimisiúnaigh Fóram Náisiúnta na hÉireann um Thaighde Oscailte an grúpa sainchomhairleachta MoreBrains chun Straitéis agus Treochlár Náisiúnta um Aitheantóirí Seasmhacha (PID) a sheoladh d'Éirinn. Gníomh é forbairt Straitéis agus Treochlár Náisiúnta Aitheantóirí Seasmhacha faoin bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta don Taighde Oscailte agus trína chur i gcrích leagfar amach cur chuige níos comhordaithe i dtreo Aitheantóirí Seasmhacha a úsáid in Éirinn lena dtacaítear le haidhmeanna náisiúnta don taighde oscailte agus do thionchar taighde.

Críochnaíodh athbhreithniú agus anailís ar thimpeallacht reatha Aitheantóirí Seasmhacha na hÉirinn i mí na Samhna 2023, tar éis comhairliúcháin le páirtithe leasmhara ábhartha.

## **ORCID**

Rinne an ÚAO cathaoirleacht ar Ghrúpa Stiúrtha ORCID na hÉireann, a stiúrann an clár oibre straitéiseach do Chuibhreannas ORCID na hÉireann, go dtí 2023 nuair a chuaigh IReL i mbun cathaoirleachta ar an ngrúpa.

Cuireann an cuibhreannas béim ar phobal cleachtas a fhorbairt chun comhtháthú rathúil ORCID i gcórais na mball Cuibhreannais a chumasú agus glacadh le ORCID ag taighdeoirí a mhéadú. Tá 11 chomhtháthú gníomhach ORCID ag an gCuibhreannas faoi láthair.

## **Sínithe Costáilte an ÚAO i ndáil le COVID-19**

Rinne Mazars athbhreithniú neamhspleách ar scéim mhaoinithe an ÚAO um Shínithe Costas i ndáil le COVID-19 idir mí an Mheithimh 2022 agus mí Feabhra 2023. Chuir Mazars na tuarascálacha deireanacha iniúchóireachta agus ar cheachtanna a foghlaimíodh faoi bhráid an ÚAO i mí Aibreáin 2023. Sa tuarascáil iniúchóireachta dheireanach, chuir Mazars in iúl go raibh siad sásta leis na próisis a bunaíodh agus ar chloígh na hInstitiúidí Ardoideachais leo chun maoiniú a scaipeadh agus gur bunaíodh próisis agus rialuithe soiléire le hoibriú ó thús deireadh.



Aithníodh le hiniúchadh Mazars gurbh ann do €817,306 de chaiteachas neamhchaite ón scéim agus gur filleadh é sin ar DHFERIS i mí Aibreáin 2023.

Faigheann an ÚAO tuairiscí airgeadais fós ó gach Institiúid Ardoideachais i ndáil leis an maoiniú sin a bhfuil cuid de leithdháilte chomh fada le 2025 i roinnt cásanna.

### **An Fóram Náisiúnta um Shláine Taighde**

Tá an ÚAO ina bhall gníomhach fós den Fhóram Náisiúnta um Shláine Taighde (NRIF) agus chuir sé maoiniú ar fáil don Fhóram in 2023 le haghaidh oiliúint ar shláine taighde ar líne do thaighdeoirí na hÉireann chomh maith le ceardlann ar mheasúnú taighde. Tá oiliúint ar shláine taighde déanta ag breis is 5,000 taighdeoir ó 2021 agus rinne an Fóram Náisiúnta um Shláine Taighde a chonradh le Epigeum a athnuachan lena chinntiú go mbeidh oiliúint ar shláine taighde ar fáil fós do thaighdeoirí le haghaidh na tréimhse 2024 – 2026.

Chomhoibrigh an Fóram Náisiúnta um Shláine Taighde le Fóram Náisiúnta na hÉireann um Thaighde Oscailte chun ceardlann a sholáthar dar teideal “Treoir Roinnte um Measúnú Taighde a Chur Chun Cinn” (Advancing a Shared Direction for Research Assessment). Reáchtáladh é sin i mí na Samhna 2023 roimh NORFest. Thug an imeacht deis measúnú taighde a phlé, lenar áiríodh príomhthéamaí agus príomhdhúsláin i gcleachtais reatha um measúnú taighde agus cén chaoi is fearr ar féidir iad sin a fhorbairt ar aon dul le Gníomh 3 ERA: Leasú a dhéanamh ar an gcóras measúnaithe um thaighde, taighdeoirí agus institiúidí.

### **An Clár Taighde Thuaidh-Theas**

Clár comhoibritheach taighde atá sa Chlár Taighde Thuaidh-Theas (NSRP) a sholáthraíonn an ÚAO thar ceann DFHERIS agus Aonad an Oileáin Roinnte i Roinn an Taoisigh.

Seoladh Glao 1 den Chlár Taighde Thuaidh-Theas in 2021. Faoi Ghla 1, dámhadh maoiniú €37.28m thar thrí shnáithe ar 62 tionscadal comhoibritheach:

- Snáithe I: Tionscadail dhéthaobhacha taighdeora
- Snáithe II: Moil Barr Feabhais Nua
- Snáithe III: Comhpháirtíochtaí Scála

Tá aidhmeanna Aonad an Oileáin Roinnte agus an Chláir Taighde Thuaidh Theas ina mbonn faoi gach tionscadal a dheonaíodh maoiniú dó agus tá naisc á dtreisiú acu idir institiúidí ardoideachais, pobail taighde, agus taighdeoirí ar fud oileán na hÉireann. I rith 2023, lean an ÚAO ar aghaidh lena bhainistíocht ar thionscadail ghla 1 agus ar thuairiscí gaolmhar.

---

## **4(e) Comhionannas Rochtana**

---

### **Tuairiscíú faoin bPlean Náisiúnta Rochtana (NAP)**

An ceathrú Plean Náisiúnta Rochtana: Foilsíodh Plean Straitéiseach um Chomhionannas Rochtana, Rannpháirtíochta agus Ratha san Ardoideachas 2022–2028 ([NAP](#)) in 2022.

Ceanglaíonn Cuid 5 d’Acht an ÚAO, 2022 ar gach Institiúid Ardoideachais tuairisc a thabhairt don ÚAO ar chur i bhfeidhm an Phlean Náisiúnta Rochtana i ngach institiúid, agus sonraí tugtha inti i dtaobh spriocanna agus chuspóirí an Phlean Náisiúnta Rochtana, agus ról na hinstiúidí sa Phlean Náisiúnta Rochtana.

I mí Dheireadh Fómhair 2023, d’eisigh Feidhmeannacht an ÚAO teimpléid chuig Institiúidí Ardoideachais chun críocha tuairiscíú faoin bPlean Náisiúnta Rochtana. Seoladh teimpléid chomhlánaithe de chuid an ÚAO faoi dheireadh 2023.

## An Fóram Náisiúnta Rochtana 2023

Reáchtáladh an séú Fóram Náisiúnta Rochtana, a bhíonn ar siúl gach bliain, i mí Aibreáin 2023, a cheiliúir an chéad imeacht i bpearsa ó bhí 2020 ann agus an chéad fhóram ón seoladh in 2022. Thóg an imeacht le chéile gairmithe an ÚAO, mic léinn, ionadaithe ar ghrúpaí tosaíochta, páirtithe leasmhara pobail, agus oifigigh DFHERIS agus an ÚAO. Ghlac thart ar 130 duine den lucht freastail páirt san Fóram atá dírithe ar dhea-chleachtas a roinnt chun tacú le cur i bhfeidhm an Phlean Náisiúnta Rochtana 2022-2028.

Mar chuid den Fóram thug an ÚAO cur i láthair ar an bPlean Náisiúnta Rochtana, thug Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh cur i láthair ar an gCairt Náisiúnta um Dhearadh Uilíoch san Oideachas Tríú Leibhéal arna maoiniú faoi PATH 4 Céim 1, painéal mac léinn, agus plé boird agus seisiúin aiseolais. Bhí an painéal mac léinn déanta suas d'ionadaithe ar ghrúpaí tosaíochta an Phlean Náisiúnta Rochtana a thug léargas ar a gcuid eispéireas chun tuiscint níos fearr a chothú maidir le conas is fearr is féidir tacú le mic léinn ón ngrúpa tosaíochta agus conas is féidir bacainní roimh an ardoideachas a bhaint.

Críochnaíodh an imeacht le hóráid deiridh ag an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Foilsíodh tuarascáil de chuid an Fhórait ar láithreán gréasáin an ÚAO i mí Dheireadh Fómhair 2023 agus tá sé ar fáil [anseo](#).



An tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Simon Harris, TD, le mic léinn ag an bhFóram Náisiúnta Rochtana 2023.

## Clár um Rochtain ar Ardoideachas (PATH)

Is tionscnamh straitéiseach spriocdhírthe é an Clár um Rochtain ar Ardoideachas (PATH) a bunaíodh in 2016 le tacú le cuspóirí comhionannais rochtana. Déanann an ÚAO PATH a bhainistiú thar ceann DFHERIS. I rith 2023, lean ÚAO ar aghaidh lena bhainistíocht ar shnáitheanna 1, 2, 3, agus 4 den chlár PATH, lena n-áirítear monatóireacht agus tuairisciú bliantúil, agus chuir sé tús le bainistíocht ar shnáithe breise de PATH

(PATH 5) chun tacú le rannpháirtíocht ag mic léinn ón Lucht Taistil agus mic léinn Roma san Ardoideachas. Tá aird tarraingthe thíos ar nuashonruithe móra i ndáil le PATH in 2023.

---

### ■ PATH 2 – Ciste Sparánacht 1916

---

Tar éis do DFHERIS iarratas rathúil a chur isteach ar Chiste Sóisialta na hEorpa (ESF+), i mí na Nollag 2023, d'fhógair an tAire Breisoideachais, Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta méaduithe ar líon na sparánachtaí PATH 2 ag Sraith 1 agus Sraith 2 atá cómhaoinithe ó Chiste Sóisialta na hEorpa. In 2023/24, cuireadh 400 sparánacht Shraith 1 de €5,000 in aghaidh na bliana staidéir ar fáil (méadú de 147 ar sparánachtaí Shraith 1 i gcomparáid le 2022/23) agus 200 sparánacht Shraith 2 de €2,000 in aghaidh na blianta staidéir (méadú de 80 ar sparánachtaí Shraith 2 i gcomparáid le 2022/23). Dámhadh 784 sparánacht Shraith 3 breise arna maoiniú ag an Státchiste (sparánacht 1 bhliain amháin de €1,500) in 2022/23.

---

### ■ PATH 3 – Comhpháirtíocht Phobail agus Réigiúnach

---

Leithdháiltear maoiniú PATH 3 ar bhraislí réigiúnacha Institiúidí Ardoideachais agus é mar aidhm tacú le hInstitiúidí Ardoideachais chun straitéisí comhpháirtíochta réigiúnaí agus pobail a fhorbairt le rochtain ar ardoideachas ag grúpaí tosaíochta a mhéadú.

Ag eascairt as foilsiú NAP 2022-2028 agus na grúpaí tosaíochta nua a aithníodh, leis an méadú le déanaí ar iar-bhunscoileanna DEIS agus an obair leanúnach i ndáil le haistriú ón mbreisoideachas chuig an ardoideachas, leithdháil DFHERIS cistiú breise aonuaire de €700,000 ar bhraislí PATH 3 in 2023.

---

### ■ PATH 4

---

In 2022, d'fhógair an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta ceathrú snáithe de PATH. Tá PATH 4 á chur i bhfeidhm le linn dhá chéime, atá ailínithe leis an bPlean Náisiúnta Rochtana i dtaobh timpeallachtaí ardoideachais atá deartha go huilíoch agus an sprioc deiseanna a fheabhsú do mhic léinn faoi mhíchumas intleachta san ardoideachas.

---

#### PATH 4 Céim 1 – Dearadh Uilíoch

---

In 2022, leithdháileadh €3m i dtreo PATH 4 Céim 1 chun tacú le cuir chuige deartha uilíoch (UD) agus cleachtas chuimsitheacha a chumhdach in Institiúidí Ardoideachas, chun leas gach mic léinn agus mic léinn a bhfuil uathachas orthu ach go háirithe. Bhí PATH 4 Céim 1 dírithe ar fhorbairt acmhainne a chumhdach in Institiúidí Ardoideachais le haghaidh níos mó rannpháirtíochta ag mic léinn faoi mhíchumas intleachta san ardoideachas.

Ag tús 2023, d'fhógair an tAire Breisoideachais agus Ardoideachas, Nuálaíochta agus Eolaíochta Simon Harris go gcuirfí i bhfeidhm raon tionscadal agus gníomhaíochtaí faoi Chéim 1 de PATH 4 lena áiríodh na nithe seo a leanas:

- Forbairt agus cur i bhfeidhm beartas agus cleachtas um dhearadh uilíoch ar fud institiúidí ardoideachais.
- Iníúchtaí rochtana ar áiteanna tógtha agus digiteacha chomh maith le háiteanna ciúine agus céadfacha a sholáthar agus institiúidí ag obair i dtreo campas atá oiriúnach don uathachas.
- Inrochtaineacht dhigiteach ar láithreáin ghréasáin na n-institiúidí agus ar bhonneagair r-fhoghlama.
- Acmhainní agus forbairt curaclaim um dhearadh uilíoch don fhoghlaim (UDL) le haghaidh foirne agus mac léinn.
- Forbairt acmhainne trí FGL lena n-áirítear oiliúint don suaitheantas um dhearadh uilíoch don fhoghlaim.
- I dtreo ullmhú leis an nglao iomaíoch ar mhaoiniú le haghaidh chlár phíolótacha trí bliana treoraíochta/soláthar cúrsa do mhic léinn faoi mhíchumas intleachta.
- Gníomhaíochtaí trasearnála amhail Cairt Náisiúnta a fhorbairt don Dearadh Uilíoch, Pobal Cleachtais, agus Siompóisiam ar Dhearadh Uilíoch don Oideachas Tríú Leibhéal.

## PATH 4 Céim 2 – Soláthar do mhic léinn faoi mhíchumas intleachta

Dírítear PATH 4 Céim 2 ar sholáthar cúrsaí a fheabhsú i réimse an ardoideachais le haghaidh mac léinn faoi mhíchumas intleachta agus í i bhfoirm clár píolótaigh treoraíochta ar feadh trí bliana.

D’oibrigh Feidhmeannacht an ÚAO leis an Údarás Náisiúnta Míchumais (NDA) agus leis an bhFóram Náisiúnta ar Ardoideachas Cuimsitheach (INHEF) chun ullmhú leis an nGlao ar Thograí faoi PATH 4 Céim 2. Lena gcuid saineolais agus teorach tacaíodh leis an bhFeidhmeannacht le sraith ceardlann comhairliúcháin a óstáil i bpearsa agus ar líne. Ba é cuspóir na gceardlann comhairliúcháin éisteacht le tuairimí mic léinn agus tuiscint níos fearr a fháil ar a bhfuil ag iarraidh ó mhic léinn i ndáil lena n-eispéireas ardoideachais.



Seoladh PATH 4 Céim 2, mí an Mheithimh 2023.

Reáchtáladh trí cheardlann i bpearsa i mí Aibreáin 2023 le 54 mac léinn agus d’fhreastail an tAire Harris ar an gcéad imeacht comhairliúcháin i mBaile Átha Cliath chun bualadh le mic léinn a labhair faoina gcuid eispéireas go dtí seo agus a gcuid spriocanna agus mianta don todhchaí. Freisin d’óstáil an ÚAO trí sheisiún ar líne inar labhair daoine faoi mhíchumas intleachta nár fhreastail ar an ollscoil/an gcoláiste agus a dtuismitheoirí, agus tuismitheoirí mac léinn faoi mhíchumas intleachta a chuaigh chuig an gcoláiste.

Threoraigh na comhairliúcháin sin forbairt sraithe de Phrionsabail Mac Léinn, a cumhdaíodh sa cháipéis um ghlaio iomaíoch ar thograí a foilsíodh i mí an Mheithimh 2023.

Thionóil an ÚAO Painéal Saineolaithe neamhspleách seachtrach chun athbhreithniú a dhéanamh ar na tograí a leagadh isteach i mí Dheireadh Fómhair 2023. Tar éis don Aire moltaí an Phainéil Shaineolaigh a fhaomhadh, meastar go dtosódh na cláir sa bhliain acadúil 2024/25.

## Measúnacht Tionchair PATH

Ag tús 2023 agus tar éis phróiseas iomaíoch tairisceana, cheap an ÚAO Crowe Consulting chun tabhairt faoi mheasúnacht tionchair neamhspleách ar shnáithe 1, 2 agus 3 PATH i gcaitheamh na tréimhse 2016 go 2022. Meastar go gcríochnófar an Mheasúnacht Tionchair ar PATH ag deireadh R3 2024.

## Imeacht an ÚAO agus an Choiste Náisiúnta Chomhairligh um Mhic Léinn Iarchéime faoi Mhíchumas (NDPAC)

Le KPI 3 sa Phlean Náisiúnta Rochtana díreann ar líon na mac léinn as grúpaí tosaíochta a théann ar aghaidh go staidéar iarchéime, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas. Ar an 23 Feabhra 2023, d'óstáil an ÚAO agus NDPAC imeacht ar líne um roinnt faisnéise chun deis a thabhairt machnamh agus plé a dhéanamh ar na heispéiris agus na dúshláin a bhíonn ag mic léinn faoi mhíchumas an oideachas iarchéime.

Ba í aidhm an imeachta cabhrú le hinstiúidí ardoideachais agus maoinitheoirí taighde a gcuid seirbhísí a phleanáil chun freastal níos fearr ar riachtanais mac léinn faoi mhíchumas ar chlár taighde iarchéime agus, sa deireadh, bealaí a aithint le cuimsitheacht a fheabhsú agus spriocanna an NAP a chur ar aghaidh.

I measc na rannpháirtithe bhí ionadaithe ar sheirbhísí rochtana, míchumais agus tacaíochta; foireann an ÚAO; gníomhaireachtaí um maoiniú taighde; mic léinn iarchéime faoi mhíchumas idir iar-mhic léinn, mic léinn reatha agus mic léinn ionchais; agus oifigigh ó DFHERIS.

I mí na Nollag 2023, faoi Bheartas Rochtana an ÚAO tugadh cuireadh do pháirtithe leasmhara freastal ar chruinniú i bpearsa chun comóradh a dhéanamh ar fhoilsiú oifigiúil an tuarascáil an ÚAO/NDPAC “Na hEispéiris agus na Dúshláin a bhíonn ag Mic Léinn Iarchéime faoi Mhíchumas”, a tháinig chun cinn ón imeacht i mí Feabhra 2023. Tá an tuarascáil ar fáil **anseo** ar láithreán gréasáin an ÚAO.



Seoladh na Tuarascála ar na hEispéiris agus na Dúshláin a Bhíonn ag Mic Léinn Iarchéime faoi Mhíchumas i mí na Nollag 2023.

## 4(f) Ionad Barr Feabhais um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

### **an Coiste Náisiúnta um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú in Institiúidí Ardoideachais na hÉireann**

Reáchtáladh dhá chruinniú den Choiste Náisiúnta in 2023. Tugadh cuireadh do bhaill de Choiste Náisiúnta an ÚAO ar son Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe freastal ar cheardlann thiomnaithe ar bheartas ESVH arna héascú ag Clarissa J DiSantis tar éis an chruinnithe i mí na Samhna. Díriodh an cheardlann ar bhainisteoirí sinsearach a bhfuil freagracht as ESVH in Institiúidí Ardoideachais.

### **Comhionannas Inscne**

In 2023, dheonaigh an Lárionad maoiniú de €248,704 faoi dhá ghairm ag an **gCiste chun Comhionannas Inscne a Fheabhsú** chun tionscnaimh um chomhionannas inscne in ardoideachas na hÉireann a chur chun cinn. Bronnadh dámhachtainí i ndáil le trí théama: taighde ar nó cur chun cinn ar thionscnaimh comhionannais inscne in Éirinn; cláir oiliúna lena dtugtar aghaidh go sonrach ar chomhionannas inscne; agus gníomhaíochtaí Athena Swan chun acmhainn a fhorbairt. Maoiníodh sé thionscadal, a raibh 19 Institiúid Ardoideachais san iomlán rannpháirteach iontu i réimsí lena áiríodh: (i) Clár Forbartha Ceannaireachta a fhorbairt d'earnáil an Ardoideachais Teicneolaíochta; (ii) iniúchadh a dhéanamh ar éifeachtúlacht na gclár um fhorbairt ceannaireachta; (iii) clár um meantóireacht mhalairte; (iv) an líonra náisiúnta comhionannais inscne don Cheimic; (v) líonra oiliúna agus foghlama le haghaidh taighdeoirí agus scoláirí mná ag an gcéim luath dá ngairm; agus (vi) tacaíocht agus oiliúint Athena Swan. Tá an ÚAO i gceannas ar phacáiste oibre ar Athrú institiúide a chur chun cinn trí Pleananna Comhionannais Inscne, a fhorbróidh córas chun monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus thionchar Pleananna Comhionannais Inscne chun tacú le hathrú institiúide mar phríomhuirlis le comhionannas cuimsitheach inscne a chur chun cinn i Limistéar Taighde na hEorpa, ar tionscnamh nua é. Cuireadh tús leis an tionscadal sin i mí an Mheithimh 2022 agus tá sé sceidealaithe le críochnú i mí na Bealtaine 2025.

Foilsíodh Próifíl na mBall Foirne Ardoideachais de réir Gnéis agus Inscne (*Higher Education Institutional Staff Profiles by Sex and Gender*) ó mhí na Nollag 2022 i bhfoirm deaiseanna idirghníomhacha sonraí ar láithreán gréasáin an ÚAO. Tá na sonraí sin ar fáil le híoslódáil (i bhformáid Excel) ó **leathanach gréasáin** Staitisticí an Lárionaid.

### **Comhionannas Cine**

Reáchtáladh **Comhdháil Náisiúnta an ÚAO ar Chomhionannas Cine** an 20 Márta 2023 in Ollscoil na Gaillimhe. Leis an gComhdháil tugadh deis do bhaill foirne ar fud na hearnála teacht le chéile chun comhionannas inscne san ardoideachas a phlé agus foghlaim faoin dea-chleachtas in Éirinn agus thar lear.

Seoladh **Na Prionsabail Fhrithchiníochais d'Institiúidí Ardoideachais** i mí an Mhárta 2023 chun aghaidh a thabhairt ar mholtaí sa Tuarascáil ar Chomhionannas Inscne san Ardoideachas, ina iarrtar ar cheannairí an ÚAO comhionannas inscne a chumhdach in Institiúidí Ardoideachais.

I mí na Nollag 2023, leithdháileadh maoiniú €170,000 san iomlán ar 17 n-institiúid le haghaidh gníomhartha a sannadh d'Institiúidí Ardoideachais i bPlean Forfheidhmithe an ÚAO um Chomhionannas Inscne 2022-2024. Tá an cistiú sin ceaptha go sonrach chun tacú leis an méid seo a leanas a chur i bhfeidhm: (i) plean gníomhaíochta institiúide um chomhionannas cine, (ii) oiliúint chomhtháite ar chomhionannas cine, (iii) doiciméad aonair ar chomhionannas cine le haghaidh rochtana éasca lena dtreoraítear chuig na beartais ábhartha eile agus (iv) múscailt feasachta i measc foirne Institiúidí Ardoideachais i ndáil le cáilíochtaí eachtracha a aithint agus tacaíonn na hInstitiúidí Ardoideachais leis faoi na Prionsabail Fhrithchiníochais d'Institiúidí Ardoideachais na hÉireann.

### **Deireadh a chur le Foréigean agus Ciapadh Gnéasach in Institiúidí Ardoideachais:**

Reáchtáladh ceithre chruinniú ag Grúpa Comhairleach an ÚAO ar Dheireadh a Chur le Foréigean agus Ciapadh Gnéasach i rith 2023.

Bhunaigh an ÚAO Líonra Cleachtóirí ESVH i rith 2023 agus reáchtáladh a chéad chruinniú ar líne an 3 Deireadh Fómhair ina raibh líon mór rannpháirtithe. Tá 30 ball ó 17 n-institiúid rannpháirteach sa Líonra sin. Reáchtáil saineolaí ar aghaidh a thabhairt ar fhoréigean gnéasach sa saol acadúil atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe, Clarissa J DiSantis cruinniú boird le baill Líonraí Cleachtóra an 24 Samhain 2023. Seoladh an Líonra go hoifigiúil i COBÁC an 12 Nollaig 2023. Labhair an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, leis an Líonra Cleachtóirí. Reáchtáladh seisiún ar fhionnachtana thionscadal UniSAFE an Aontais Eorpaigh agus ag Suirbhé náisiúnta na Príomh-Oifige Staidrimh ar Fhoréigean Gnéasach.

I rith 2023 bunaíodh meitheal oibre chun Gníomh 11 de Phlean Forfheidhmithe ESVH a thabhairt chun críche, mar atá *'Staidéar indéantachta a dhéanamh i ndáil le painéal imscrúdaitheoirí seachtracha oilte a bhunú chun cásanna foréigin agus ciaptha ghnéasaigh in aghaidh foirne agus mac léinn' a imscrúdú.* Thiomsaigh an mheitheal oibre (faoi chathaoirleacht IUA) tuarascáil a chuimsigh moltaí lárnacha, is é sin eintiteas seirbhíse roinnte a bhunú. Thacaigh Grúpa Comhairleach ESVH go hiomlán le moltaí lárnacha an ghrúpa, agus phléigh Coiste Náisiúnta an ÚAO ar son Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe an tuarascáil i mí na Bealtaine.

In 2023 d'iarr an Lárionad tograí ó Institiúidí Ardoideachais um maoiniú chun na gníomhartha seo a leanas faoin bPlean Forfheidhmithe ESVH 2022-2024 a chur i gcrích:

- Gníomh 5: Anailís bhreise ar na Sonraí Náisiúnta Suirbhé ar leibhéal déimeagrafach.
- Gníomh 6: Tionscnaimh phíolótacha atá dírithe ar thacú le grúpaí ardriosca nó grúpaí atá níos lú nó ar deacair iad a shroicheadh i líon beag Institiúidí Ardoideachais.
- Gníomh 12: Taighde cáilíochtúil i ndáil le heispéiris ar fhoréigean agus ciapadh gnéasach san ardoideachas.
- Gníomh 16: Aird a tharraingt agus forbairt a dhéanamh ar fhionnachtana dearfacha an tsuirbhé chun tacú le clár oiliúna/oideachasúla a forbairt (cur chuige píolótach ar leibhéal áitiúil).
- Gníomh 19: Feachtais fheasachta náisiúnta agus áitiúla a forbairt (e.g. #unmuteconsent), lena gcuimsítear cur chuige céimnithe (leibhéal áitiúil).

Chuir an Lárionad fáilte freisin roimh aighneachtaí le haghaidh tionscnamh nár fhreagair go díreach do cheann ar bith de na gníomhartha thíos, agus lena léirítear tábhacht straitéiseach, agus acmhainn láidir iad a mhéadú agus tionchar a imirt ar an earnáil mar thacaíocht don chreat náisiúnta beartais chun Deireadh a Chur le Foréigean agus Ciapadh Gnéasach in Institiúidí Ardoideachais. I mí na Nollag 2023, bronnadh maoiniú €161,529 thar sé thionscadal.

Críochnaíodh meastóireacht i mí Iúil 2023 chun athbhreithniú a dhéanamh ar an tionscadal píolótach don Uirlis Speak Out um Thuairisciú Anaithnid. Leis an measúnú, rinneadh iniúchadh ar a mhéad is atá spriocanna tosaigh na huirlise bainte amach agus rinneadh moltaí maidir le rialachas agus bainistíocht oibriúcháin na huirlise agus soláthar acmhainní di amach anseo. Tá an **tuarascáil mheastóireachta** ar fáil ar láithreán gréasáin an ÚAO. Lean Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan air ag óstáil Speak Out in 2023 chun tacaíocht a thabhairt do bhainistiú leanúnach na huirlise, ar feitheamh moltaí na tuarascála meastóireachta a fhaomhadh agus aontú ar shlí chun cinn. Tá tuarascáil bhliantúil

i ndáil leis an gcéad bhliain de Speak Out leis na Comhairleoirí Síceolaíocha in Institiúidí Ardoideachais (a stiúir an chéim píolótach) ar fáil ar **láithreán gréasáin PCHEI**.

---

## 4(g) Idirnáisiúnta

---

In 2023, chuir an ÚAO €2.7 milliún ar fáil chun ról ollscoileanna Éireannacha i gcomhpháirtíochtaí Ollscoile Eorpaí a neartú. Is í aidhm thionscnamh na n-ollscoileanna Eorpacha feabhas, nuálaíocht agus cuimsiú a chothú san ardoideachas ar fud na hEorpa, agus dlús a chur le bunathrú na n-institiúidí ardoideachais ina n-ollscoileanna don todhchaí ag a mbeidh tionchar struchtúrach, córasach agus inbhuanaithe. Tá leibhéal ard rannpháirtíochta ag Éirinn i dtionscnamh na n-ollscoileanna Eorpacha, agus 12 institiúid ag cur le mian an Choimisiúin Eorpaigh méadú go 60 comhghuaillíocht ina mbeidh breis is 500 institiúid ardoideachais rannpháirteach faoi lár 2024.

Is é Clár Erasmus+ clár an Aontais Eorpaigh chun tacú le hoideachas, oiliúint, óige agus spórt san Eoraip. Gníomhaíonn an ÚAO mar Ghníomhaireacht Náisiúnta na hÉireann um ardoideachas Erasmus+. Faoi Erasmus+ le haghaidh 2023, rinne an ÚAO bainistíocht ar thrí phríomhghníomh sainiúla:

- Le Príomhghníomh 131 – Soghluaisteacht mac léinn agus foirne ardoideachais idir tíortha an chláir – maoiníofar 5,700 soghluaisteacht ó 2023-2025;
- Le Príomhghníomh 171 – Soghluaisteacht mac léinn agus foirne ardoideachais idir tíortha cláir agus comhpháirtí – maoiníofar soghluaisteacht thar deich bpríomhréigiún ar fud an domhain idir na Balcáin Thiar agus réigiún Mhuir Chairib; agus
- Le Príomhghníomhaíocht 220 – Comhpháirtíochtaí comhair san ardoideachas – maoiníofar cúig thionscadal ar ábhair amhail oideachas innealtóireachta um thodhchaí inbhuanaithe agus ardoideachas a chumhachtú trí heolaíocht saoránaigh.

I bhfianaise ionradh gan stad ag an Rúis ar an Úcráin, lean an ÚAO de stipinn mhíosúil a chur ar fáil do mhic léinn cháilitheacha as an Úcráin trí dheontas Erasmus+ na hÉireann. Leithdháileann an ÚAO an maoiniú sin ar institiúidí ardoideachais a bhfuil Cairt Erasmus don Ardoideachas acu. Lean an ÚAO air ag obair i ndlúthpháirt leis na hinstiúidí sin chun dáileadh éifeachtúil agus cothrom an mhaoinithe sin a chinntiú.

Tacaíonn clár na Scoláireachtaí Oideachais Idirnáisiúnta ag Rialtas na hÉireann le mic léinn idirnáisiúnta den scoth ar mian leo gabháil don staidéar ar leibhéal máistreachta nó PhD in Éirinn. Maoiníonn Rialtas na hÉireann an clár i gcomhpháirt le hinstiúidí ardoideachais na hÉireann agus bainistíonn an ÚAO é. Foin tionscnamh, dámhtar scoláireachtaí ar feadh aon bhliain amháin de staidéar lánaimseartha ar leibhéal máistreachta nó PhD i réimse ar bith. Fuarthas breis is 5,000 iarratas faoi ghlaó 2023 agus rinneadh 60 scoláireacht a mhaoiniú.

---

## 4(h) Scileanna, Rannpháirteachas agus Staitisticí

---

In 2023, bhain an tAonad Staitisticí deimhniú ISSCOP (Cód Cleachtas Chóras Staitistice na hÉireann) amach le haghaidh staitisticí an ÚAO ar shonraí mac léinn agus céimithe. Is marc cáilíochta é seo, lena dtugtar le fios gur féidir na staitisticí sin a mheas mar staitisticí oifigiúla. Léiríonn sé freisin ár dtiomantas do chúig phrionsabal lárnaigh ISSCOP, lena n-áirítear neamhspleáchas gairmiúil, tráthúlacht agus poncúlacht, inrochtaineacht agus soiléire, tiomantas do chaighdeán ard, agus rúndacht. Bhí an ÚAO ar cheann de sheacht gcomhlacht poiblí a bhain amach deimhniú ISSCOP nuair a fuarthas an dámhachtain sin.

Chun deimhniú ISSCOP a bhaint amach, chuir an tAonad Staitisticí bunathrú a raibh tionchar mór aige i bhfeidhm. Áiríodh leis sin féilire eisiúna a thabhairt isteach agus a fhoilsiú, ina leagtar amach sceideal na bhfoilseachán don bhliain. Thug an tAonad Staitisticí isteach freisin an chéad fhoirm iarratais um Chomhad Mícrea-shonraí Taighdeora, chun deis a thabhairt do thaighdeoirí sonraí a iarraidh go foirmiúil ón ÚAO chun críocha an taighde. Tá rannóg thiomnaithe ag an ÚAO ar an leathanach gréasáin anois, ina



thaispeántar torthaí agus tionchair an taighde sin. Anuas air sin, tá an tAonad geallta chun ardchaighdeán, raon nua de nósanna imeachta iniúchóireachta a chur i bhfeidhm, chun caighdeán agus cruinneas sonraí i gCóras Taifead na Mac Léinn a fheabhsú.

In 2023, bhunaigh an ÚAO comhaontú foirmiúil um roinnt sonraí le SUSI. Mar chuid den chomhaontú sin um roinnt sonraí, roinnfidh SUSI sonraí ar fhaighteoirí deontais leis an ÚAO. Den chéad uair, cuireann sé sin ar chumas an ÚAO torthaí mac léinn a fhaigheann deontas SUSI a rianú agus iad a chur i gcomparáid le torthaí mac léinn nach bhfaigheann an deontas. Anuas air sin, éascaíonn sé sin anailís bhreise chun bacainní a aithint agus chun rochtain chothrom ar an ardoideachas in Éirinn a chur chun cinn.

D'fhonn cur lenár gcuid oibre chun rannpháirtíocht a leathnú agus rochtain chomhionann a chur chun cinn, d'iarr an ÚAO comhaontú ceadúnais le POBAL chun úsáid a bhaint as na Scóir Innéacs Díothaithe is deireanaí dá gcuid, a rinneadh a nuashonrú agus sonraí Dhaonáireamh 2022 á n-úsáid. Ceadóidh an comhaontú ceadúnais don ÚAO leanúint ar aghaidh le réimse a chuid oibre agus úsáid á baint as Scóir an Innéacs Díothaithe agus iniúchadh a dhéanamh ar phróifíl shocheacnamaíoch na mac léinn san ardoideachas. In 2023, d'fhoilsigh an ÚAO a chéad phróifíl mac léinn faoi mhíchumas san ardoideachas in Éirinn, agus úsáid á baint as sonraí i gcaitheamh trí bliana acadúla. Freisin, den chéad uair, nascadh sonraí ón Suirbhé ar Thorthaí Céimithe le tacair sonraí eile atá ag an ÚAO, agus foilsíodh dhá thuarascáil ina ndearnadh iniúchadh ar thorthaí do chéimithe faoi mhíchumas, agus torthaí de réir cúlra socheacnamaíoch.

In 2023, lean Aonad na Staitisticí air ag foilsiú príomhdheaiseanna, foilseachán, agus Beart Faisnéise. Áirítear orthu sin, ach gan a bheith teoranta dóibh, na Príomhfhiricí agus na Fíoracha bliantúla, an deais nua Dul Chun Cinn agus Críochnaithe, na Deaiseanna 'Access our Data', ETIM san Ardoideachas in Éirinn, an Tuarascáil Bhliantúil ar Thorthaí Céimithe, agus EUROSTUDENT 8.

Reáchtáladh Suirbhé Náisiúnta Teagasctha na Mac Léinn in 2023 le 39,403 freagróir san iomlán. Reáchtáladh Suirbhé na Mac Léinn Iarchéime freisin agus ghlac 4,506 iarchéimí páirt ó 17 n-institiúid ardoideachais.

Lean an clár NSTEP ar aghaidh le 23 institiúid ardoideachais ag glacadh páirte agus breis agus 6,000 ionadaí mac léinn oilte anois chun dul i mbun gnó institiúideach ar bhealach níos fearr.

### **Tionscnaimh Oideachais Fiontraíochta**

Chuir an ÚAO €1m ar fáil in 2022/2023 chun tacú le tograí fiontraíochta agus nuálaíochta san ardoideachas a bhí dírithe ar:

- Snáithe 1 - Tionscnaimh Oideachais Fiontraíochta Ardoideachais.
- Snáithe 2 - Cláir Fiontraíochta Mac Léinn Ardoideachais e.g., gortann, gníomhaíochtaí tacaíochta luasaire.

Maoiníodh cúig thionscadal faoi Shnáithe 1 i réimsí na Micri-Chreidúintí, Fiontraithe Mná a Nascadh, agus Fiontraíocht Dídeanaithe; agus maoiníodh seacht dtionscadal faoi Shnáithe 2 amhail IdeasLab, Campaí Aclaíochta do Mhic Léinn agus Cláir Luasghéaraithe. Tá imeacht líonraithe beartaithe do R1 2024 agus iarrfar ar Institiúidí Ardoideachais a gcuid tionscadal a chur ar taispeáint.

## **Campaí TFC agus Fiontraíochta do Scoláirí Dara Leibhéal**

Reáchtáil 14 Institiúid Ardoideachais 44 campa TFC samhraidh agus fómhair agus ghlac 2,977 scoláirí dara leibhéal páirt iontu – ba chailíní iad 46% de na rannpháirtithe sna campaí sin. Tionóladh imeacht comhoibríoch DojoMór freisin agus ghlac breis is 7,879 scoláire páirt ann.

Reáchtáil 12 Institiúid Ardoideachais 18 gcampa Fiontraíochta samhraidh san iomlán agus ghlac 952 scoláire dara leibhéal páirt iontu – ba chailíní iad 49% de na rannpháirtithe sna campaí sin.

Bíonn aiseolas ó scoláirí, tuismitheoirí agus Institiúidí Ardoideachais an-dearfach ar fad maidir le soláthar na gcampaí sin.

## **Soláthar Printíseachta Printíseacht Cheardaíochta**

In 2023, chuir an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus Taighde, leithdháileadh de €17m ar fáil don mhaoiniú caipitil chun freagairt don éileamh méadaitheach ar phrintíseachtaí san earnáil ardoideachais. Dáileadh an maoiniú ar cheithre Ollscoil Teicneolaíochta agus Institiúid Teicneolaíochta amháin san earnáil ardoideachais

le 132 bhloc oiliúna breise do phrintíseachtaí ceardaíochta a sholáthar. Teastaíonn an acmhainn bhreise seo chun freastal ar an méadú ar chlárúcháin phrintíseach mar atá léirithe ag SOLAS i roinnt ceirdeanna.

In 2023, bhí éileamh suntasach ar spásanna oiliúna printísigh Chéim 2 nach bhféadfaí freastal orthu leis an acmhainn BOO atá ann cheana féin. Tharla sé sin mar thoradh ar chlárúcháin mhéadaithe go háirithe i gceirdeanna Leictreacha, Pluiméireachta agus C&J agus roinnt tionchair leanúnacha COVID ar spásanna oiliúna i BOO. D'iarr an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta cur chuige treasach chun aghaidh a thabhairt ar an gcás agus chuaigh an ÚAO i dteagmháil le soláthraithe Ardoideachais i mí Lúnasa 2023 lena fháil amach an bhféadfaí freastal ar oiliúint Chéim 2 ó Eanáir 2024 san earnáil Ardoideachais. D'fhreagair na soláthraithe Ardoideachais trí 50 bloc d'oiliúint Chéim 2 a chur ar fáil a bheidh ar siúl ó mhí Eanáir go mí na Bealtaine 2024.

## **Printíseacht faoi cheannas Cuibhreannais**

Cuireadh tús le sé chlár phrintíseachta nua faoi stiúir cuibhreannais san earnáil ardoideachais in 2023 in earnálacha na hInnealtóireachta Sibhialta, na Talmhaíochta agus na Gairneoireachta. Tugann sé sin líon iomlán na bprintíseachtaí faoi stiúir cuibhreannais san earnáil ardoideachais go 33 clár le thart ar 1,663 clárúchán lena gcumhdaítear Leibhéal 6 go Leibhéal 10 ar CNC.

## **Plean Gníomhaíochta maidir le Printíseacht**

Ceann de na príomhrudaí inghnóthaithe a eascraíonn as an bPlean Gníomhaíochta maidir le Printíseacht 2021-2025 ná go seachadfar gach clár printíseachta trí chóras comhtháite amháin. Le linn 2023 leanadh den obair ar fhorbairt na samhla comhtháite aonair de chlár phrintíseachta. Tá ionadaíocht ag an ÚAO ar an nGrúpa Stiúrtha mar aon le hionadaithe ó SOLAS, NAO, Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann agus DFHERIS.

Reáchtáladh an tImeacht EuroSkills in Gdansk i mí Mheán Fómhair 2023. D'éirigh WorldSkills Ireland mar chuid den eagraíocht WorldSkills Europe (EuroSkills) arís i mí an Mheithimh 2022. Trí éirí páirteach le WorldSkills Europe, tugadh an deis do phrintísigh Éireannacha dul san iomaíocht ar an leibhéal Eorpach, rud a chuir ar a gcumas, ní hamháin tallann óg Éireannach a thaispeáint i bpríomhthionscail, lena n-áirítear innealtóireacht, tógáil, pearsanta sóisialta agus digiteach, ach chuir sé ar a chumas scileanna infhostaitheachta printísigh Éireannacha a thaispeáint agus a thagamharcáil le daoine óga ón gcuid eile den Eoraip.

## Springboard+

In 2023, lean Springboard+ ar aghaidh ag comhlíonadh a shainchúraim maidir le deiseanna uasoiliúna agus athoiliúna a sholáthar i réimsí ina bhfuil riachtanais scileanna rithabhachtacha ar fud an gheilleagair. Maoiníodh cúrsaí i réimsí lena n-áirítear scileanna glasa, TFC agus innealtóireacht agus déantúsaíocht, réimsí ina bhfuil deiseanna

gairme nua. Os rud é go bhfuil cúrsaí Springboard+ fóirdheonaithe, tá na cúrsaí maoinithe inrochtana do réimse leathan daoine ar fud an gheilleagair.

Léirigh 2023, an dara bliain de thimthriall maoinithe ilbhliantúil trí bliana do Springboard+. Fuarthas os cionn 27,000 iarratas ar na 9,147 áit nua a maoiníodh faoin gclár 2023; Bhí 83% de rannpháirtithe i bhfostaíocht. B'ionann an cohórt dífhostaithe agus 14% de na clárúcháin.

## An Tionscnamh Caipitil Dhaonna (HCI)

Lean an Tionscnamh Caipitil Dhaonna (HCI) isteach ina cheathrú bliain maoinithe in 2023. Lean an tionscnamh d'infheistíocht an Chiste Náisiúnta Oiliúna a sheachadadh leis an acmhainn san ardoideachas a mhéadú i gcláir atá dírithe ar scileanna atá deartha chun freastal ar riachtanais tosaíochta scileanna. Tá an Tionscnamh Caipitil Dhaonna, agus a chomhcholúin, ailínithe le roinnt beartas náisiúnta agus réigiúnach. Tá spriocanna an Tionscnaimh Caipitil Dhaonna ailínithe le haidhmeanna na Straitéise Náisiúnta Scileanna 2025, atá tiomanta d'fhás gheilleagar na hÉireann, agus d'fhorbairt an bhoinn scileanna laistigh dá lucht saothair. Tá an tiomantas seo á spreagadh ag roinnt príomhphrionsabal. Tugann clár an Tionscnaimh Caipitil Dhaonna aghaidh go díreach ar na prionsabail seo, a bhfuil sé mar aidhm acu cáil na hÉireann mar mhol tallainne a fheabhsú, agus cabhrú go díreach le dul i ngleic leis na spriocanna tosaíochta straitéiseacha náisiúnta, lena n-áirítear Tithíocht do Chách, an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Fiontraíocht 2025.

Cuireann an Tionscnamh Caipitil Dhaonna samhlacha nuálacha freagrúla de sheachadadh clár chun cinn, rud a chuireann ar chumas an chórais ardoideachais freagairt go tapa d'athruithe ar riachtanais scileanna agus ar theicneolaíocht araon. Is ciste €300 milliún é a reáchtáiltear thar thréimhse cúig bliana (2020-2024) faoi thrí cholún gníomhaíochta.

In 2023 leanadh den obair faoi na trí cholún gníomhaíochta sonracha. Seoladh faoi Cholún 1, a mhaoiníonn cúrsaí dioplóma comhshó iarchéime i réimsí riachtanas ardscoil, an dara gairm ar thograí. Sa bhliain acadúil 2023/24 rinneadh athnuachan ar chúrsa rathúil Cholún 1, a reáchtáladh sna trí bliana roimhe sin, agus tugadh isteach cúrsaí nua a ceadaíodh faoin dara gairm ar thograí. Leathnaigh gairm 2023 raon feidhme Cholún 1 chun soláthar páirtaimseartha a chur san áireamh i bpríomhréimsí riachtanas scileanna aitheanta, lena n-áirítear fuinneamh gaoithe agus pleanáil. Leithdháil clár Cholún 1 2023/24 maoiniú ar 28 institiúid ardoideachais, le haghaidh 105 cúrsa riachtanas ardscoil, a sholáthraíonn 2,922 spás.

Tacaíonn Colún 2 le hinstiúidí ardoideachais agus tugann sé spreagadh dóibh chun spásanna breise do mhic léinn a chur ar fáil ar leibhéal fochéime i gcúrsaí lánaimseartha de réimsí aitheanta riachtanas scileanna. Tá cúrsaí ar fáil trí chóras iarratais na Lár-Oifige Iontrála agus bíonn dámhachtain aitheanta ar leibhéal CNC, 6, 7 nó 8 mar thoradh orthu, lena n-áirítear soláthar Fochéime ag an Ardteastas, Gnáthchéim Bhaitsiléara, Céim Onóracha Bhaitsiléara amháin. In 2023 thacaigh Colún 2 le 1080 spás breise sna príomhréimsí riachtanas scileanna aitheanta.

Tacaíonn Colún 3, Nuálaíocht agus Aclaíocht le tograí nuálacha sofhreagrúla ó institiúidí nó ó ghrúpaí institiúidí a bhféadfadh cur i bhfeidhm agus tionchar a bheith acu ar fud an chórais ardoideachais. Déanann na tograí nuálaíocht agus aclaíocht a ailíniú le cuspóirí straitéiseacha náisiúnta, le príomhchuspóirí córais don chóras ardoideachais, agus le riachtanais scileanna don tsochaí agus don gheilleagar amach anseo.

I mí an Mheithimh 2023, d'fhoilsigh an ÚAO tuarascáil an athbheithnithe lár téarma ar chlár Cholún 3 an Tionscnaimh Caipitil Dhaonna, a thug Indecon faoi. Tháinig anailís Indecon ar an gconclúid gur sháraigh clár Cholún 3 HCI a spriocanna.

- 1,000 cúrsa nua thar 34 disciplín
- 4,276 spás breise do mhic léinn
- 23,301 foghlaimeoir a ndearnadh tionchar orthu
- 33,352 cruinniú le 427 comhpháirtí fiontair

Chuir an tuarascáil meastóireacht ar fáil ar na 24 tionscadal a mhaoinigh an ÚAO mar chuid den phlean cúig bliana, ar fiú €300 milliún é. Ag teacht le haidhmeanna na Straitéise Náisiúnta Scileanna 2025, tá sé mar aidhm ag an Tionscnamh Caipitil Dhaonna acmhainn san ardoideachas a mhéadú chun cláir atá dírithe ar scileanna a sholáthar atá deartha chun freastal ar riachtanais scileanna tosaíochta, trí chomhoibriú idir ardoideachas agus fiontraíocht a mhéadú, le fócas ar nuálaíochtaí sa teagasc agus san fhoghlaim.


Léiríonn an tuarascáil go bhfuil an clár ag sárú spriocanna maidir le cúrsaí nua a chruthú, le breis is 1,000 cruthaithe – 800 níos mó ná an sprioc tosaigh. Baineadh os cionn 4,000 spás bhreise do mhic léinn amach mar a thagann tionscadail in aibíocht.

**COLLABORATION NATION**  
Linking Higher Education and Enterprise



HEA | HIGHER EDUCATION AUTHORITY  
AN tAULDAIRIS UCH APLA-DEACHAS

HCI | Human Capital Initiative



Colún 3: An Tionscnamh Caipitil Daonna - Aschuir Chlár Meántéarma 2020 -2022

Cuireadh tús rathúil le gach ceann de na 24 tionscadal agus tá siad ar sprioc den chuid is mó, agus bunaíodh struchtúir rialachais ar leibhéal an tionscadail, agus tá leibhéal láidir monatóireachta curtha ar bun ag an ÚAO ar dhul chun cinn i gcoinne spriocanna réamh-chomhaontaithe.

Tá freagraí láidre dearfacha tuairiscithe ag an 400+ comhpháirtí fiontraíochta, agus 33,000 cruinniú tarlaithe mar gheall ar chomhoibriú dian leo, as a dtiocfaidh nuálaíocht i dtéarmaí teicneolaíochtaí nua, modhanna foghlama agus dearadh curaclaim.

Sheol an tAire Breisoideachais, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Simon Harris TD, an tuarascáil lár téarma go hoifigiúil ag imeacht Cholún 3 an Tionscnaimh Caipitil Dhaonna *Collaboration Nation: Linking Higher Education and Enterprise* i mBaile Átha Cliath an 29 Meitheamh. Thug an t-imeacht breis agus 300 fiontar, acadóir agus lucht déanta beartas le chéile i gcomhdháil agus i dtaispeántas ina léiríodh aschur lár téarma chlár Cholún 3 an Tionscnaimh Caipitil Dhaonna.



An tAire Simon Harris ag seoladh Tuarascáil Mheastóireachta Mheántearma Cholún 3 an Tionscnaimh Caipitil Dhaonna i mí an Mheithimh 2023.

#### 4 (i) An tÚdarás um Ard-Oideachas mar eagraíocht

Lean an ÚAO ag forbairt acmhainne le linn 2023 chun tacú lenár sainchúram leathnaithe. Bhí sé dúshlánach daoine cumasacha a aimsiú agus a fháil chun poist a líonadh, rud a léiríonn an margadh iomaíoch atá ann faoi láthair. Líonadh 38 post, áfach, ag méadú ár líon foirne foriomlán go 137 i mí na Nollag.

Tá an ÚAO tiomanta d'fhorbairt ár bhfoirne agus tá Córas Forbartha Feidhmíochta agus Bainistíochta i bhfeidhm againn. D'fhreastail baill foirne ar bhreis agus 75 cúrsa sa bhreis ar oiliúint inmheánach maidir le cosaint sonraí, saoráil faisnéise agus cibearshlándáil. Tá sé mar aidhm againn cumhacht a thabhairt don fhoireann ina róil agus ár spriocanna agus ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach ag an am céanna. Le linn 2023 chuireamar tús le sraith laethanta forbartha foirne a ceapadh chun cur ar chumas na foirne breithniú a dhéanamh ar threo straitéiseach an ÚAO amach anseo.

D'éirigh leis an bhfoireann airgeadais Córas Bainistíochta Airgeadais nua a chur i bhfeidhm a tháinig i bhfeidhm i mí Aibreáin 2023. Tá an cur i bhfeidhm seo ag teacht le tiomantas an ÚAO le haghaidh feabhsú leanúnach chun próisis níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a bhaint amach. Ina theannta sin, tugadh isteach córas nua Bainistíochta Acmhainní Daonna agus córas Thairseach an Bhoird. Bunaíodh Meitheal um Bunathrú laistigh den ÚAO chun maoirseacht ardleibhéal bainistíochta tionscadail a sholáthar ar thionscadail éagsúla chun cuspóirí straitéiseacha digiteacha an ÚAO a bhaint amach.

Lean an t-aonad TF de shlándáil ár gcóras TF a neartú, lena n-áirítear oiliúint a sholáthar maidir le feasacht ar shlándáil ar líne, tástálacha treáite tréimhsiúla agus Ionad Oibríochtaí Slándála (SOC) agus Bainistíocht Teagmhais agus Eachtraí Slándála (SIEM) a úsáid chun monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar thimpeallacht líonra an ÚAO. I mí Aibreáin, thionóil an ÚAO Fóram Cibearshlándála le foireann slándála TF ar fud na hearnála le comhroinnt níos mó saincheistanna a éascú agus chun eolas agus feasacht ar shlándáil dhigiteach a fheabhsú. Tá an tIonad Náisiúnta Cibearshlándála ina chathaoirleach ar an bhfóram sin anois.

Le linn 2023, thug an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta cead don ÚAO chun spás breise i bhFoirgnimh Shíol Bhroin a ligean ar léas chun líon méadaithe foirne a éascú.

# RIALACHAS CORPARÁIDEACH

### **Corparáideach an ÚAO Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022**

Tá an ÚAO ag plé leis an Roinn maidir le cur i bhfeidhm fhorálacha Acht an Údaráis um Ard-Oideachas. D'fhorbair an ÚAO Prótacal freisin tar éis dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara ina leagtar amach na forálacha reachtacha atá ar fáil don ÚAO chun athbhreithniú a iarraidh ar Institiúid Ardoideachais i gcás ina bhféadfadh gur tháinig ábhar imní chun cinn nó ina bhféadfadh sé teacht chun cinn; agus na próisis a ghlacfaidh an ÚAO chun úsáid chothrom thrédhearcach na bhforálacha sin a chinntiú.

### **An Cód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú**

Tháinig an Cód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016, a ghlac áit Chód 2009, in éifeacht i mí Mheán Fómhair 2016. Ghlac an tÚdarás um Ard-Oideachas é agus tá próisis i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloíonn gach gné d'oibríochtaí an ÚAO le riachtanais an Chóid. Tugann an Roinn

Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta faoi mheasúnú bliantúil ar chomhlíontacht an ÚAO le ceanglais rialachais éagsúla an ÚAO. Chuir an ÚAO a Thuarascáil Dearbhaithe Comhlíontachta bliantúil faoi bhráid na Roinne i mí Lúnasa 2023.

### **Comhaontú um Sheachadadh Feidhmíochta**

D'aontaigh an tÚdarás um Ard-Oideachas Comhaontú um Sheachadadh Feidhmíochta leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Scileanna do 2023.

### **Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 go 2015**

#### **Dualgas um Chomhionannas agus Cearta an Duine san Earnáil Phoiblí**

Tosaíocht fhadbhunaithe é an comhionannas don Údarás um Ard-Oideachas. Tá meas ag an eagraíocht ar an éagsúlacht agus féachann le bheith ina fhostóir comhionannais mar a spreagtar ionchur ó gach duine agus a dtugtar a luach d'éagsúlachtaí. Chuige sin, tá an ÚAO tiomanta do chinntiú nach gcaitear ach go cothrom le gach ball foirne nó iarrthóir fostaíochta ar chúiseanna inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéis, reiligiúin, aoise, míchumais, a bheith de phobal mionlaigh eitnigh nó ar chúiseanna eile nach mbaineann le dea-chleachtas fostaíochta. Baineann sé sin le hearcaíocht, coinníollacha oibre agus deiseanna forbartha.

Bhunaigh an ÚAO meitheal inmheánach ag deireadh 2020 chun cur pleanáil agus maoirseacht a dhéanamh ar an gcaoi ar chomhlíon an ÚAO a Dhualgas um Chomhionannas agus Cearta an Duine san Earnáil Phoiblí. Lean an grúpa de dhréachtphlean an ÚAO a bhreithniú le linn 2023, d'fhaomh foireann ardbhainistíochta an ÚAO é ina dhiaidh sin go luath in 2024 agus foilsíodh é ar láithreán gréasáin an ÚAO.

I measc na dtionscnamh a ghlac an ÚAO faoina Dualgas Poiblí in 2023 bhí:

- Beartas Meanapáis a ghlacadh don ÚAO mar a mhol meitheal foirne.
- Ceardlann ar fheasacht uathachais agus bainistíocht do gach ball foirne.

Tar éis achtú Acht an Údaráis um Ard-Oideachas 2022, ceanglaítear ar an Údarás anois tuairisceáin a dhéanamh faoi Chuid 5 den Acht um Míchumas. Roimhe sin thug an ÚAO tuairisceáin don Roinn ar bhonn deonach. Fuarthas amach i ndaonáireamh an ÚAO ar an bhfoireann a bhí fostaithe amhail 31/12/23 go raibh 10% den fhoireann faoi mhíchumas, sáraíonn sé sin an sprioc náisiúnta de 6%.

### **An tAcht um Shláinte, Sábháilteacht agus Leas ag an Obair, 2005**

Leanann an ÚAO de bhearta cuí a dhéanamh chun sláinte, sábháilteacht agus leas gach fostaí agus cuairteora ina chuid oifigí a chosaint chun forálacha an Achta seo a chomhlíonadh. Baineann sé seo chomh maith leis na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 agus 2004.

Tháinig Coiste Sláinte agus Sábháilteachta an ÚAO le chéile go rialta i rith 2023 ag díriú ar Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta an ÚAO a nuashonrú agus ar oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta a eagrú don fhoireann de bhun suirbhé foirne a rinneadh i rith na bliana.

Feidhmíonn an ÚAO Clár Cúnaimh d'Fhostaithe.

### **An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001**

Ar aon dul leis na hachtanna thuas, tá glactha ag an ÚAO le nósanna imeachta atá de réir treoirlínte a d'éisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le nochtadh leasa ag Comhaltaí Boird; cloíodh leis na gnáthaimh seo i rith na bliana. Ní raibh aon idirbhearta sa bhliain ina raibh aon leasanna tairbhiúla ag Comhaltaí an Bhoird iontu.

### **An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014**

Ar aon dul le ceanglas dleathach an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014, tá nósanna imeachta i bhfeidhm agus á gcoinneáil ag an ÚAO i leith nochtaí cosanta a dhéanamh. Cuireadh tús le hobair go déanach in 2022 chun na treoirlínte seo a nuashonrú tar éis achtú an Achta um Nochtadh Cosanta (Leasú) 2022. Ní dhearna aon bhall foirne nochtadh cosanta i rith 2023.

Féadfar nochtaí cosanta a dhéanamh do Phríomhfheidhmeannach an ÚAO maidir le hábhair a bhaineann le planáil agus forbairt an ardoideachais agus an taighde sa Stát agus maidir le nithe a bhaineann le maoiniú na n-institiúidí ardoideachais atá maoinithe ag an ÚAO. Sa bhliain suas go dtí an 31 Nollaig 2023, fuair an ÚAO seacht dtuairisc gur mheas sé gur nochtadh cosanta a bhí iontu. Tá sonraí maidir le bainistiú na nochtaí cosanta sin leagtha amach i dTuarascáil Bhliantúil faoi Nochtaí Cosanta an Údaráis um Ard-Oideachas atá ar fáil [anseo](#).

### **An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997.**

Tá an ÚAO tiomanta dá dhualgais a chomhlíonadh faoin Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997, arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2012.

Tá an lucht bainistíochta sásta gur chomhlíon an ÚAO na forálacha sin ar gach bealach ábhartha. San iomlán, íocadh suim €230 maidir le pionóis úis ar íocaíocht dhéanach in 2023.

### **Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021**

Tá an ÚAO tiomanta dá dhualgais a chomhlíonadh faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. Foilsítear Tuarascáil Bhliantúil an ÚAO agus a phríomhdhoiciméid beartais go comhuaineach sa dá theanga oifigiúla ar láithreán gréasáin an ÚAO.

Cuireadh tús le hearcaíocht d'oifigeach Bainistíochta Taifead agus Gaeilge in 2023 agus rinneadh ceapachán in 2024.



## An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014

Baineann forálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise leis an Údarás um Ard-Oideachas. Leis an Acht seo, foráiltear ceart dlíthiúil do dhaoine aonair faisnéis atá i seilbh comhlachtaí poiblí a rochtain, an fhaisnéis atá ina seilbh a bhaineann leis/léi a leasú má tá sí neamhiomlán, mícheart nó dá gcuirfeadh sé duine ar míthreoir agus fáthanna a fháil ar chinntí a théann i bhfeidhm air/uirthi féin. Le linn 2023 fuair an ÚAO 29 iarratas faoin Acht. Tugadh aghaidh orthu mar seo a leanas:

- Iarratais a Deonaíodh: 5
- Iarratais a Deonaíodh i bPáirt: 7
- Iarratais ar Diúltaíodh Dóibh: 3
- Iarratais ar déileáladh leo lasmuigh de Shaoráil Faisnéise: 14
- Iarratais tarraingthe siar: 0
- Iarratais aistrithe: 0

Bhí 0 iarratas ar athbhreithniú inmheánach nó atreorú chuig Oifig an Choimisinéara Faisnéise.

## Cosaint Sonraí

Tá an ÚAO tiomanta do chearta agus do phríobháideacht daoine aonair a chosaint de réir na reachtaíochta um chosaint sonraí. Déanann an ÚAO athbhreithniú leanúnach ar a chleachtais lena chinntiú go bhfuil a chuid gníomhaíochtaí ag teacht le prionsabail na cosanta sonraí agus go gcosnaímid sonraí pearsanta i ngach rud a dhéanaimid. Áirítear leis seo clár cuimsitheach oiliúna agus feasachta don fhoireann. Chuaigh an ÚAO in éineacht le DFHERIS i gcomhairle leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí maidir le forálacha comhroinnte sonraí an Bhille Taighde agus Nuálaíochta, mar a cheanglaítear faoi Airteagal 36 de RGCS.

Thugamar faoi 13 Mheasúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí in 2023 freisin, chun a chinntiú go ndearnadh gníomhaíochtaí próiseála sonraí nua nó nuashonraithe i gcomhréir leis an reachtaíocht um chosaint sonraí.

In 2023 fuair an ÚAO ceithre iarratas ar rochtain ar shonraí pearsanta, dhá agóid i gcoinne sonraí pearsanta a phróiseáil, agus 16 iarratas ar shonraí pearsanta a léirsciosadh. Tugadh aghaidh orthu go léir laistigh de na frámaí ama reachtúla.

## Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Beartas Comhshaoil

I mí an Mhárta 2023, cheadaigh an tÚdarás an chéad Threochlár um Gníomhú ar son na hAeráide de chuid an ÚAO ina dtugtar breac-chuntas ar oibleagáidí na heagraíochta maidir le laghdú CO2 carbóin agus spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach in 2030. Cuimsíonn Plean Straitéiseach Corparáideach an ÚAO 2023-2026 nua feabhas a chur ar gníomhartha aeráide mar phríomhthosaíocht straitéiseach.

In 2023, bhunaigh an ÚAO Foireann Ghlas chun oibriú in éineacht leis an bhfoireann Seirbhísí Corparáideacha chun inbhuanaitheacht a chur chun cinn agus bhí siad ríthábhachtach maidir le cleachtais coigilte fuinnimh níos fearr in Oifig an ÚAO a chur i bhfeidhm. Bhí socruithe cianoibre hibrideacha ina gcabhair maidir leis an gcoigilteas chomh maith. I measc na n-athruithe eile a cuireadh i bhfeidhm tá cosc ar áiseanna plaisteacha aon úsáide, baintear úsáid as páipéir athchúrsáilte, digitiú méadaithe, uasghrádú ar threalamh ríomhaireachta agus áiseanna priontála comhroinnte.

Garspíoc dhícharbónaithe an-suntasach ab ea deireadh a chur de réir a chéile le coirí gáis nádúrtha ag an tiarna talún in Uimhir 3 Foirgnimh Shíol Bhroin ag deireadh 2023. Cuirtear córais téimh agus fuaraithe uile-leictreacha VRF (Sreabhadh Cuisneáin Athraithe) an fhoirgnimh in ionad téamh gáis (teirmeach) atá ann cheana agus a sholáthraíonn foinse theirmeach níos éifeachtúla agus níos inbhuanaithe ná dóchán breosla iontaise ar an láthair.

Taispeántar sa tábla seo a leanas sonraí 2022 agus 2023 ó ÚFIÉ. Bainfear coigilteas suntasach breise fuinnimh agus carbóin amach ó oibreacha athchóirithe oifige in 2025, rud a éascóidh úsáid fuinnimh méadaithe agus leathnú oifige.

Príomhtháscairí Fuinnimh agus Carbóin (sonraí ÚFIÉ)	Aonaid	2022	2023
Leictreachas (fuinneamh deiridh)	kWh	75,300	70,900
Teirmeach (fuinneamh deiridh, bunaithe ar sciar an ÚAO)	kWh	41,680	42,036
Ídiú Fuinnimh Deiridh Iomlán	kWh	116,980	112,936
Fuinneamh Príomhúil Iomlán (Tiontaithe)	kWh	192,243	183,346
Iomlán na nAstaíochtaí CO <sub>2</sub> (Leictreach + Teirmeach)	tCO <sub>2</sub>	33.2	28.3

Tá an ÚAO ar spíoc maidir lena spíocanna do 2030 a shárú i ndáil le laghdú 51% ar astaíochtaí carbóin agus coigilteas fuinnimh 50%. Faoi 2023, chuir an ÚAO feabhas ar a éifeachtúlacht fuinnimh faoi 79% óna bhunlíne 2009 bunaithe ar mhéadrachtaí feidhmíochta fuinnimh ÚFIÉ. Ba é 70,900 kWh ídiú fuinnimh deiridh an ÚAO do 2023, arb ionann é agus laghdú 6% ó 2022. Tháinig soláthar fuinnimh an ÚAO in 2023 óna leictreachas féin agus óna sciar de ghás teirmeach (nádúrtha) le hastaíochtaí iomlána de 28.3 tona dé-ocsaíde carbóin (tCO<sub>2</sub>) mar thoradh air sin - arb ionann é agus laghdú 15% ar astaíochtaí in 2022. Is é spíoc 2030 ná astaíochtaí ag 18.95 tCO<sub>2</sub>, a léiríonn bearna chuig spíoc d'astaíochtaí ag 9.4 tCO<sub>2</sub>.

Tabhair faoi deara, gurb é fuinneamh deiridh, ar a dtugtar tomhaltas deiridh iomlán (TFC) freisin, an fuinneamh a ídíonn úsáideoirí deiridh go díreach amhail an ÚAO ag baint úsáide as sonraí MRPN agus méadair GPRN, ach ríomhann ÚFIÉ an fuinneamh príomhúil iomlán (TPER) chun cuntas a thabhairt ar an bhfuinneamh go léir a theastaíonn nó a chailltear le linn giniúna agus tarchuir agus úsáidtear é le haghaidh méadracht feidhmíochta fuinnimh ÚFIÉ.

De réir Chiorclán 1/2020 a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe (DPENDR) maidir le nósanna imeachta chun na hastaíochtaí carbóin a bhaineann le haerthaisteal oifigiúil a chúiteamh, bhí oibleagáid airgeadais €785 ar an ÚAO maidir le haerthaisteal in 2023. Baintear an oibleagáid airgeadais seo ó astaíochtaí carbóin beagnach 16.18 tona CO<sub>2</sub> san iomlán (tCO<sub>2</sub>) le costas cánach carbóin ábhartha in aghaidh an tona de €48.50.

# RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2023

**An tÚdarás um Ard-Oideachas**  
**Ráitis Airgeadais**  
**don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023**

**Faisnéis**

Seoladh:	3 Foirgnimh Shíol Bhroin, Ascaill Crampton, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4.
Iniúcháirí:	An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste, 3A Sráid an Mhéara Uachtarach, Baile Átha Cliath 1.
Baincéirí:	Banc AIB cpt, 1-4 Sráid Bhagóid Íochtarach, Baile Átha Cliath 2.
Comhairleoirí dlí:	Eversheds Sutherland, Ionad Phort an Iarla 1 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2.

## Reachtaíocht

Bunaíodh an tÚdarás um Ard-Oideachas faoi Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 1971. Aisghaireadh an tAcht sin agus cuireadh Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022 ina áit, ar cuireadh tús leis an 10 Samhain 2022. Leagtar amach feidhmeanna an Údaráis um Ard-Oideachas i gCuid 9 den Acht sin.

## Rialachas

Tá Bord an Údaráis um Ard-Oideachas freagrach don Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú. Tugann sé faoin gcúram úd trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir leis na príomhcheisteanna gnó ar fad. Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an fhoireann ardbhainistíochta atá freagrach as bainistiú, rialú agus stiúradh an Údaráis um Ard-Oideachas ó lá go lá. Ní mór don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus don fhoireann ardbhainistíochta cloí leis an treoir straitéiseach fhorleathan atá leagtha síos ag an mbord, agus ní mór dóibh a chinntiú go mbeidh tuiscint shoiléir ag na comhaltaí boird uile ar na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí a bhaineann leis an aonán, agus aon rioscaí suntasacha a d'fhéadadh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin mar cheangal díreach idir an Bord agus bainistíocht an Údaráis um Ard-Oideachas.

## Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach i Sceideal na nÁbhar atá Forchoimeádta don Bhord ina bhfuil na hábhair atá forchoimeádta go sonrach le haghaidh chinneadh an bhoird. I measc na míreanna buana a bhreithníonn an bord tá siad seo a leanas:

- dearbhú leasanna,
- tuarascálacha ó choistí,
- buiséid bhliantúla agus pleananna corparáideacha,
- tuarascálacha bliantúla agus ráitis airgeadais,
- tuarascálacha feidhmiúcháin.

Déanann an Bord iarracht na prionsabal is fearr maidir le dea-chleachtas na hearnála poiblí a chomhlíonadh ina chuid gníomhaíochtaí féin agus san úsáid a bhaineann sé as coistí.

Ceanglaítear ar an Údarás um Ard-Oideachas faoi Alt 22 d'Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022 na cuntais agus na taifid go léir is cuí agus is gnách a choimeád ar an airgead go léir a fhaigheann nó a chaitheann an Bord, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar bord an Údaráis um Ard-Oideachas:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur chun feidhme go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais reatha mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go rachaidh sé ar aghaidh i mbun oibríochta; agus
- aon imeachtaí ábhartha ó chaighdeáin infheidhme chuntasaíochta a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta imleora a choinneáil, a nochtann go réasúnta cruinn ag aon tráth a staid airgeadais agus a ligeann dó a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 22 d'Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022.

Forbraíodh Plean Straitéiseach Corparáideach 2023 – 2026 an Údaráis um Ard-Oideachas le linn na bliana. I mí na Nollag 2023, chuir an Bord Plean an Údaráis um Ard-Oideachas faoi bhráid an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta, agus Eolaíochta lena bhreithniú agus formheasadh é ina dhiaidh sin.

Tá an Bord freagrach as sócmhainní an Údaráis um Ard-Oideachas a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh i dtaobh calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a aithint.

Measann an Bord go dtugtar léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Údaráis um Ard-Oideachas amhail an 31 Nollaig 2023 i ráitis airgeadais an Údaráis um Ard-Oideachas.

## Struchtúr an Bhoird

Tá cathaoirleach amháin agus aon ghnáthchomhalta dhéag ar Bhord an Údaráis um Ard-Oideachas faoi Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022. D'éirigh beirt ghnáthchomhalta as le linn 2023 agus níor cuireadh comhaltaí eile ina n-ionad. An 9 Samhain 2023 chríochnaigh seachtar comhalta a dtéarma oifige agus an 10 Samhain 2023 ceapadh deichniúr comhaltaí nua. Is é an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta a cheapann na comhaltaí.

An 31 Nollaig 2023, bhí 6 (50%) chomhalta ban agus 6 (50%) gcomhalta fear ag an mbord. Comhlíonann an comhdhéanamh ballraíochta sin sprioc an Rialtais mar atá ionadaíocht 40% ar gach inscne.

Sonraítear sa tábla thíos comhaltaí an Bhoird le linn na bliana agus an dáta gur ceapadh/athcheapadh iad.

Comhalta Boird	Ról	Ceaptha	Athcheaptha	Éirithe As
Michael Horgan	Cathaoirleach	27/07/2016	10/11/2022	
Orla Feely	Gnáthchomhalta	27/07/2016	10/11/2022	25/04/2023
Darina Kneafsey	Gnáthchomhalta	27/07/2016	10/11/2022	09/11/2023
Tony Donohoe	Gnáthchomhalta	27/07/2016	10/11/2022	09/11/2023
Sharon Feeney	Gnáthchomhalta	27/07/2016	10/11/2022	09/11/2023
Lynn Ramsey	Gnáthchomhalta	27/07/2016	10/11/2022	24/01/2023
John Wall	Gnáthchomhalta	27/07/2016	10/11/2022	09/11/2023
Judith Eaton	Gnáthchomhalta	27/07/2016	10/11/2022	09/11/2023
Pól Ó Mórain	Gnáthchomhalta	27/07/2016	10/11/2022	09/11/2023
Sinéad O’Flanagan	Gnáthchomhalta	27/07/2016	10/11/2022	09/11/2023
Beth O’Reilly	Gnáthchomhalta	01/07/2022	10/11/2022	30/06/2023
Chris Clifford	Gnáthchomhalta	01/07/2023		
Dermot Mc Carthy	Gnáthchomhalta	10/11/2023		
Fiona Killard-Lynch	Gnáthchomhalta	10/11/2023		
Lianne Patterson	Gnáthchomhalta	10/11/2023		
Mark Rodgers	Gnáthchomhalta	10/11/2023		
Paula Fyans	Gnáthchomhalta	10/11/2023		
Rory O’Sullivan	Gnáthchomhalta	10/11/2023		
Nessa McEniff	Gnáthchomhalta	10/11/2023		
Niall Connors	Gnáthchomhalta	10/11/2023		
Anne Scott	Gnáthchomhalta	10/11/2023		
Rosemary Day	Gnáthchomhalta	10/11/2023		

### Athruithe Boird le linn 2023

D’éirigh an Dr Lynn Ramsey as an mBord an 24 Eanáir 2023 agus d’éirigh an tOllamh Orla Feely as an 25 Aibreán 2023.

Mx. Chríochnaigh Beth O’Reilly a téarma oifige mar Uachtarán Aontas na Mac Léinn in Éirinn an 30 Meitheamh 2023 agus ceapadh an tUasal Chris Clifford, Uachtarán nuathofa an Aontais ina hionad an 1 Iúil 2023.

Chríochnaigh seachtar comhalta a dtéarma oifige ar an mBord an 9 Samhain 2023 agus ní raibh siad incháilithe le bheith athcheaptha ar feadh téarma iomlán eile. Ba iad seo a leanas na comhaltaí sin:

Darina Kneafsey  
 Tony Donohoe  
 Sharon Feeney  
 John Wall  
 Judith Eaton  
 Pól Ó Mórain  
 Sinéad O’Flanagan

An 10 Samhain 2023 cheap an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta an deichniúr gnáthchomhaltaí nua seo a leanas ar an mBord:

Dermot Mc Carthy  
Fiona Killard Lynch  
Lianne Patterson  
Mark Rodgers  
Paula Fyans  
Rory O’Sullivan  
Nessa McEniff  
Niall Connors  
Anne Scott  
Rosemary Day

### Meastóireacht ar an mBord

Moltar don Bhord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar a fheidhmíocht agus meastóireacht sheachtrach a dhéanamh gach trí bliana ar a laghad. Bhreithnigh an Bord torthaí a fhéinmheastóireachta in 2021 ag a chruinniú i mí an Mhárta 2022. D’fhorhmeas an Bord na téarmaí tagartha do mheastóireacht sheachtrach i mí na Samhna 2022 agus bhreithnigh sé na torthaí ag a chruinniú i mí an Mheithimh 2023. Ós rud é gur ceapadh formhór na gcomhaltaí ag deireadh 2023, ní dhearnadh beart meastóireachta ar an mBord i rith na bliana.

### Scuideal Tinrimh

Tháinig an Bord le chéile 8 n-uaire le linn 2023 agus leagtar amach sonraí maidir le tinreamh na gcomhaltaí thíos:

	Bord
<b>Cruinnithe Iomlána</b>	<b>8</b>
Michael Horgan	7/8
Orla Feely	3/3
Darina Kneafsey	8/8
John Wall	7/8
Judith Eaton	8/8
Beth O’Reilly	3/4
Pól Ó Mórain	6/8
Sharon Feeney	6/8
Sinéad O’Flanagan	8/8
Tony Donohoe	8/8
Lynn Ramsey	1/1
Chris Clifford	3/4
Dermot McCarthy	0/0
Fiona Killard-Lynch	0/0
Niall Connors	0/0
Rory O’ Sullivan	0/0
Rosemary Day	0/0
Lianne Patterson	0/0
Nessa McEniff	0/0
Paula Fyans	0/0
Anne Scott	0/0
Mark Rogers	0/0

Nochtar sonraí táillí agus caiteachais chomhaltaí an Bhoird i Nóta 18 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.



## Cothromaíocht Inscne, Éagsúlacht agus Cuimsiú

Aithníonn an tÚdarás um Ard-Oideachas an tábhacht a bhaineann le héagsúlacht agus cuimsiú do gach ball foirne san Údarás um Ard-Oideachas agus tá grúpa oibre bunaithe aige chun pleanáil agus maoirsiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Dhualgas an Údaráis um Ard-Oideachas i ndáil leis an Earnáil Phoiblí agus Cearta an Duine faoin Acht um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014.

Tá seachtar (58%) comhaltaí ban agus cúigear (42%) comhaltaí fear ar fhoireann ardbhainistíochta an Údaráis um Ard-Oideachas.

## An Chomhairle um Thaighde in Éirinn

Bunaíodh an Chomhairle um Thaighde in Éirinn (IRC) mar fho-bhord den Údarás um Ard-Oideachas agus is é an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta a cheapann comhaltaí na Comhairle tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Tá cathaoirleach amháin, deichniúr gnáthchomhaltaí agus comhalta de bhrí oifige ar an gComhairle. Tá dhá fholúntas ar an gComhairle do gnáthchomhaltaí faoi láthair. Ceaptar comhaltaí le haghaidh tréimhse trí bliana. Ról na Comhairle ná taighde den scoth a chur chun cinn agus tacú leis thar gach disciplín agus céim ghairme. Tugann an Chomhairle tuairisc don Bhord tar éis gach cruinnithe. Tháinig an Chomhairle le chéile 6 huaire le linn 2023. Ba iad seo a leanas comhaltaí na Comhairle um Thaighde in Éirinn i rith na bliana agus an dáta ar ceapadh/athcheapadh iad:

Comhalta na Comhairle	Ról	Ceaptha	Cruinnithe An Líon Daoine i Láthair
Daniel Carey*	Cathaoirleach	31/08/2022	6/6
Catherine Godson*	Gnáthchomhalta	04/01/2023	4/6
Patricia Kearney*	Gnáthchomhalta	04/01/2023	4/6
Liam Barry*	Gnáthchomhalta	04/01/2023	6/6
Turlough Downes*	Gnáthchomhalta	25/08/2023	5/6
Orla Muldoon*	Gnáthchomhalta	25/08/2023	6/6
Claire Connolly	Gnáthchomhalta	30/11/2021	5/6
Colin Scott	Gnáthchomhalta	30/11/2021	4/6
Sinéad Ryan	Gnáthchomhalta	20/09/2022	4/6
Louise Callinan**	Comhalta de bhrí oifige	11/07/2022	3/3
Peter Brown	Comhalta de bhrí oifige	03/07/2023	3/3

\* Athcheapadh do dhara téarma í.

\*\*Cuireadh Peter Brown ina háit mar an gcomhalta de bhrí oifige an 3 Iúil 2023.

## An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Is é ról an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca (ARC) tacú leis an mbord maidir lena fhreagrachtaí i dtaobh ceisteanna a bhaineann le bainistíocht riosca, rialú, rialachas, agus deimhniú gaolmhar. Tá an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca neamhspleách ar bhainistiú airgeadais na heagraíochta. Tugann sé tuairim neamhspleách maidir le rioscaí agus córais bhainistíochta rioscaí. Cinntíonn an Coiste go ndéantar faireachán gníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúcháireachta. Tugann an Coiste tuairisc don Bhord tar éis gach cruinnithe. Tháinig an Coiste le chéile 5 huaire le linn 2023. Ba iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca le linn na bliana:

Comhalta	Cruinnithe An Líon Daoine i Láthair
Darina Kneafsey* (Cathaoirleach)	5/5
Sharon Feeney*	4/5
Pól Ó Mórain*	4/5
Orla Feely**	1/2
Tony Donohoe*	4/5
Anne Brady (Seachtrach)	5/5

\*Chríochnaigh siad a dtéarma oifige ar an mBord agus ar an gCoiste an 9 Samhain 2023.

\*\*D'éirigh sí as an mbord an 25 Aibreán 2023.

### An Coiste um Theagasc, Foghlaim agus Rannpháirtíocht Mac Léinn

Is é Ról an Choiste um Theagasc, Foghlaim agus Rannpháirtíocht Mac Léinn (SETL) comhairle a chur ar an mbord agus moltaí a dhéanamh maidir le rannpháirtíocht mac léinn agus tosaíochtaí teagaisc agus foghlama faoi Acht an Údaráis um Ard-Oideachas 2022, Acht na nOllscoileanna 1997, an tAcht um Institiúidí Teicneolaíochta 2006, agus Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta 2018. Tuairiscíonn an Coiste don bhord tar éis gach cruinnithe. Tháinig an Coiste le chéile 4 huairte le linn 2023. Bhí ionadaithe ó réimse leathan páirtithe leasmhara in ardoideachas na hÉireann ar an gCoiste, lena n-áirítear comhaltaí boird, mic léinn, acadóirí, ardbhainisteoirí agus lucht ceaptha beartas. Ba iad seo a leanas comhaltaí an Choiste um Theagasc, Foghlaim agus Rannpháirtíocht Mac Léinn le linn na bliana:

Comhalta	Cruinnithe An Líon Daoine i Láthair
Marie Clarke (Cathaoirleach)	4/4
Áine Ní Shé (Seachtrach)	3/4
Beth O'Reilly*	1/1
Chris Clifford	3/3
Clodagh Mc Givern** (Seachtrach)	1/1
Bryan O'Mahony (Seachtrach)	2/3
Claire McGee (Seachtrach)	2/4
Frances O'Connell (Seachtrach)	1/4
Hannah Kelly (Seachtrach)	4/4
John Wall***	3/3
Kerstin Mey (Seachtrach)	2/4
Leo Casey (Seachtrach)	3/4
Martha Ní Riada (Seachtrach)	2/4
Paul Mc Sweeney (Seachtrach)	2/4
Roisín Morris Drennan (Seachtrach)	4/4
Sharon Feeney***	3/3
Sinéad O'Flanagan***	3/3

Cuireadh Chris Clifford ina hionad an 1 Iúil 2023.

\*\* Cuireadh Bryan O'Mahony ina hionad an 1 Iúil 2023.

\*\*\*Chríochnaigh a dtéarma oifige ar an mbord agus ar an gCoiste an 9 Samhain 2023.

## An Coiste Airgeadais

Is é Ról an Choiste Airgeadais comhairle agus moltaí a thabhairt don bhord maidir le cúrsaí airgeadais agus na leithdháiltí deontais atá beartaithe chomh maith le maoirseacht a dhéanamh ar mhaoiniú na n-institiúidí ardoideachais, ag féachaint do thosaíochtaí beartais arna leagan síos ag an mbord. Tá sé freagrach freisin as maoirseacht a dhéanamh ar chúrsaí airgeadais inmheánacha an Údarás um Ard-Oideachas lena n-áirítear athbhreithniú ar chuntais bhainistíochta agus ar bhuiséid. Tugann an Coiste Airgeadais tuairisc don bhord tar éis gach cruinnithe. Tháinig an Coiste Airgeadais le chéile 3 huairé le linn 2023. Ba iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Airgeadais le linn na bliana:

Comhalta	Cruinnithe An Líon Daoine i Láthair
Sinéad O’Flanagan* (Cathaoirleach)	3/3
Darina Kneafsey*	3/3
Judith Eaton*	3/3
John Wall*	3/3
Pól Ó Móraín*	3/3
Anne Brady (Seachtrach)	3/3

\*Chríochnaigh a dtéarma oifige ar an mBord agus ar an gCoiste an 9 Samhain 2023.

## Nochtadh a Éilítear de réir an Chóid Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chloígh an tÚdarás um Ard-Oideachas le ceanglais an Chóid Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (“an Cód”), a d’fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Ceanglaítear leis na gCód na nithe seo a leanas a nochtadh:

### Sochair Ghearrthéarmacha d’Fhostaithe

Leagtar amach sochair ghearrthéarma fostaithe níos mó ná €60,000 i nóta 16 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

Ní dhearnadh aon íocaíochtaí foirceanta in 2023 nó 2022.

### Costais Dlí agus Socraíochtaí

Níor tabhaíodh aon chostais dlí sa tréimhse tuairiscithe maidir le socruithe, imeachtaí réitigh nó eadrána. Ní chuimsítear leis an gcatagóir sin caiteachas a tabhaíodh i dtaca le comhairle dlí ghinearálta a cuireadh ar an Údarás um Ard-Oideachas agus a nochtar sna Costais Sainchomhairleoireachta thíos.

### Costais Sainchomhairleoireachta

Gearradh na costais sainchomhairleachta seo a leanas ar Chostais Oibriúcháin:

	2023 €’000	2022 €’000
Athbhreithnithe Rialachais	65	34
Comhairle Chánach agus Achtúireach	7	6
Iniúchadh Inmheánach	51	63
Comhairle	57	37
Comhairle Beartais agus Taighde	694	455
Iniúchtaí Seachtracha, Athbhreithnithe agus Comhairleach	671	424
Sainchomhairleoireacht TF	112	0
Eile	74	44
	<b>1,731</b>	<b>1,063</b>

## Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Rangaítear caiteachas taistil agus cothaithe mar seo a leanas:

	2023	2022
	€'000	€'000
Bord	12	10
Fostaithe	77	21
Comhaltaí na Comhairle um Thaighde in Éirinn agus Tríú Páirtithe	3	0
<b>Idirnáisiúnta</b>		
Bord	6	8
Fostaithe	50	26
<b>Iomlán</b>	<b>148</b>	<b>65</b>

## Caiteachas Fáilteachais

Rangaítear caiteachas fáilteachais mar seo a leanas:

	2023	2022
	€'000	€'000
Foireann	5	7
Bord	9	5
Tríú Páirtithe	20	2
<b>Iomlán</b>	<b>34</b>	<b>14</b>

## An Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Ghlac an Bord an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, chuige féin agus tá próisis agus nósanna imeachta curtha chun feidhme aige chun comhlíonadh fhorálacha an Chóid a chinntiú.



Thar cheann Bhord an Údaráis um Ard-Oideachas:  
Michael Horgan Cathaoirleach

Dáta: 18 Meitheamh 2024

## Raon Freagrachta

Thar ceann Bhord an Údaráis um Ard-Oideachas, tuigim an fhreagracht atá orainn a chinntiú go gcothaítear agus go gcuirtear i bhfeidhm córas éifeachtach um rialuithe inmheánacha. Áirítear leis an bhfreagracht seo riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (COPGSB) (2016).

## Cuspóir an Chórais Rialuithe Inmheánacha

Dearadh an córas rialuithe inmheánacha chun rioscaí a bhainistiú chuig leibhéal inghlactha seachas fáil réidh leis. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach ráthaíocht réasúnach, agus ní ráthaíocht iomlán, a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaráítear idirbhearta agus go dtaifeadtar i gceart iad, agus go gcoisctear earráidí ábhartha nó mírialtachtaí, nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthuúil.

Bhí an córas rialuithe inmheánacha, a thagann le treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, i bhfeidhm ag an Údarás um Ard-Oideachas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 agus go dtí an dáta a faomhadh na ráitis airgeadais.

## An Cumas Plé le Riosca

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ag an Údarás um Ard-Oideachas ar a bhfuil ceathrar comhaltaí boird ar a laghad agus comhalta seachtrach amháin, a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchta acu. Tháinig an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca le chéile cúig huaire in 2023.

Rinneadh feidhm iniúchta inmheánaigh an Údaráis um Ard-Oideachas a sheachfhoinsiú chuig comhlacht gairmiúil neamhspleách, Deloitte tar éis tairisceana faoi chreat na hOifige um Sholáthar Rialtais. Cheadaigh an bord Plean Iniúchta Inmheánaigh 2023. Áirítear leis an bplean sin athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha ar bhonn bliantúil.

D'fhorbair an tÚdarás um Ard-Oideachas beartas bainistíochta riosca ina leagtar amach an fonn riosca, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus tá mionsonraí ann maidir le ról agus freagrachtaí na foirne i dtaca le riosca. Eisíodh an beartas don fhoireann go léir atáthar ag súil a bheidh ag obair laistigh de bheartais bainistíochta riosca na Comhairle Ealaíon, d'fhonn an bhainistíocht a chur ar an eolas faoi rioscaí a thagann chun cinn agus laigí a rialú agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá gcuid réimsí oibre féin. Tá Clár Rioscaí bunaithe agus, chomh maith le breithniú a dhéanamh ar chúrsaí riosca ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca, déanann an fhoireann bhainistíochta shinsearach athbhreithniú ar bhonn rialta ar na rioscaí a shainaithnítear mar rioscaí a bhaineann leis an Údarás um Ard-Oideachas.

## Ráiteas an Údaráis um Ard-Oideachas maidir leis an gCóras Rialuithe Inmheánacha

### Creat Rioscaí agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta rioscaí curtha i bhfeidhm ag an Údarás um Ard-Oideachas lena sonraítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm ina n-aithnítear na príomhrioscaí atá os comhair an Údaráis um Ard-Oideachas agus aithníodh iad sin, rinneadh meastóireacht orthu, agus tugadh grád dóibh de réir a dtábhachta. Déanann an lucht bainistíochta athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár gach sé mhí, agus déanann an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca athbhreithniú air. Cuirtear toradh na measúnachtaí seo in úsáid chun acmhainní a phleanáil agus a dháileadh le háiritiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal oiriúnach.

Sonraíonn an clár riosca na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a laghdú agus déantar an fhreagracht a bhaineann le feidhmiú na rialuithe a shannadh do bhaill foirne faoi leith.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Is iad seo a leanas na bearta atá déanta ag an mBord le cinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe iomchuí i bhfeidhm:

- Freagrachtaí agus údarás bainistíochta a shainiú agus a dhoiciméadú go soiléir.
- Línte soiléire cuntasachta a chinntiú don lucht bainistíochta.
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú trí fheidhmeanna coiste éagsúla chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus sócmhainní na heagraíochta a chosaint.
- Nósanna imeachta a bhunú chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun a chinntiú go ndéantar gníomh ceartaithe cuí.
- Cultúr láidir cuntasachta a fhorbairt ar fud na heagraíochta.
- Ag glacadh agus ag cloígh leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.
- Áirítear leis an timpeallacht rialaithe a chinntiú Coiste Iniúchóireachta agus Riosca gníomhach, feidhm iniúchóireachta inmheánaigh agus tuairisciú rialta don Bhord ar rioscaí airgeadais.
- Córas cuí buiséadaithe a chinntiú le buiséad bliantúil a dhéanann an Bord a athbhreithniú agus a fhorghnó.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht an Bhoird.

Tá an córas rialuithe inmheánacha bunaithe ar chreat faisnéise bainistíochta rialta, beartais agus nósanna imeachta lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tarmhligin agus cuntasachta. Go sonrach, tá na córais fhaireacháin seo a leanas i bhfeidhm:

- Rinneadh na príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara a aithint, agus tá próisis curtha i bhfeidhm le faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus le haon easnamh aitheanta a thuairisciú.
- Déanann an ardbhainistíocht agus an Bord athbhreithnithe tráthrialta ar thuarascálacha airgeadais lena léirítear feidhmíocht in aghaidh buiséad.

## Soláthar

Deimhnímse go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás um Ard-Oideachas chun comhlíontacht leis na rialacha agus treoirlínte maidir le soláthar atá i bhfeidhm faoi láthair a chomhlíonadh, mar a leagtar amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais. I rith na bliana 2023 chomhlíon an tÚdarás um Ard-Oideachas na nósanna imeachta sin.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhnímse go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás um Ard-Oideachas le faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistiú agus rialú rioscaí. Tá faireachán agus athbhreithniú an Údarais um Ard-Oideachas ar éifeachtacht an chórais maidir le rialú inmheánach airgeadais múnlaith le hobair na n-iniúcháirí inmheánacha, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, na hiniúcháirí seachtracha agus an ardbhainistíocht taobh istigh den Údarás um Ard-Oideachas atá freagrach as forbairt agus caomhnú an chreata um rialú inmheánach airgeadais.

Deimhnímse go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha do 2023 agus go ndearna an Bord é a fhaomhadh an 26 Márta 2024.

Níor aithníodh aon laige maidir le rialú ar ghá a nochtadh sa Ráiteas maidir leis an gCóras Rialuithe Inmheánacha.



Michael Horgan  
Cathaoirleach

Dáta: 18 Meitheamh 2024



## Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

### Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

#### An tÚdarás um Ard-Oideachas

#### Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of An tÚdarás um Ard-Oideachas for the year ended 31 December 2023 as required under the provisions of the Higher Education Authority Act 2022. The financial statements comprise:

- the statement of income and expenditure and retained revenue reserves
- the statement of comprehensive income
- the statement of financial position
- the statement of cash flows, and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of An tÚdarás at 31 December 2023 and of its income and expenditure for 2023 in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

#### Basis of opinion

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of An tÚdarás and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

#### Report on information other than the financial statements, and on other matters

An tÚdarás has presented certain other information together with the financial statements. This comprises a governance statement and Board members' report, a statement on the system of internal controls, and a schedule of grant income. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in regard to those matters.

**Seamus McCarthy**  
Comptroller and Auditor General

21 June 2024

## Appendix to the report

### Responsibilities of Board members

The Board members are responsible for

- the preparation of annual financial statements in the form prescribed under the Higher Authority Education Act 2022
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

### Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under section 22 of the Higher Education Authority Act 2022 to audit the financial statements of An tÚdarás and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.

- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on the ability of An tÚdarás to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause An tÚdarás to cease to continue as a going concern.
- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

I report by exception if, in my opinion,

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, or
- the financial statements are not in agreement with the accounting records.

### Information other than the financial statements

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

### Reporting on other matters

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to bodies in receipt of substantial funding from the State in relation to their management and operation. I report if I identify material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if I identify any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.



## Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

An Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncam Coinnithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

	Nótaí	2023 €'000	2022 €'000
<b>Ioncam</b>			
Deontais ón Oireachtas	2	1,922,718	1,790,956
Deontais ón gCiste Náisiúnta Oiliúna (CNO)	3	336,240	311,665
Deontais Eile	4	35,938	35,704
Ioncam Eile	5	7,747	4,379
Ús		87	140
Glanmhaoiniú iarchurtha le haghaidh Sochair Scoir	19(a)	1,551	1,721
		<b>2,304,281</b>	<b>2,144,565</b>
Leithdháileadh chun Críocha Caipitil	11	(18)	(123)
		<b>2,304,263</b>	<b>2,144,442</b>
<b>Caiteachas</b>			
Deontais Iníoctha	6	2,287,223	2,130,323
Aisíocaíochtaí leis an Roinn		830	0
Speansais Oibriúcháin	7	16,098	14,411
		<b>2,304,151</b>	<b>2,144,734</b>
Barrachas (Easnamh) roimh aistriú ón gCaipiteal		112	(292)
Amúchadh Cúlchiste Chaipitiúil	11	58	59
<b>Barrachas (Easnamh) don bhliain</b>		<b>170</b>	<b>(233)</b>
Iarmhéid arna thabhairt ar aghaidh an 1 Eanáir		3,199	3,432
<b>Iarmhéid arna thabhairt ar aghaidh an 31 Nollaig</b>		<b>3,369</b>	<b>3,199</b>

Tá Nótaí 1 go 23 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Baineann gach mír ioncaim agus caiteachais le gníomhaíochtaí leanúnacha.



Michael Horgan

Cathaoirleach

Dáta: 18 Meitheamh 2024



Alan Wall

Príomhfheidhmeannach

Dáta: 18 Meitheamh 2024

An Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach don bhliain dar críoch an 31

	Notes	2023 €'000	2022 €'000
<b>Barrachas/(Easnamh) don bhliain</b> (Caillteanas)/Gnóthachan Achtúireach ar Shócmhainní/(Dliteanais) Sochair Scoir		170	(233)
Coigeartú leis an Maoiniú Iarchurtha le haghaidh Sochair Scoir	19 (d)	(3,740)	17,686
		3,740	(17,686)
<b>Ioncam Cuimsitheach Iomlán don Bhliain</b>		<b>170</b>	<b>(233)</b>

Tá Nótaí 1 go 23 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.



Michael Horgan

Cathaoirleach

Dáta: 18 Meitheamh 2024



Alan Wall

Príomhfheidhmeannach

Dáta: 18 Meitheamh 2024

An Ráiteas maidir le hloncam Cuimsitheach don bhliain dar críoch an 31

	Nótaí	2023 €'000	2022 €'000
<b>Sócmhainní Neamhreatha</b>			
Sócmhainní Seasta Inláimhsithe	9	116	156
Iasachtaí	10	4,750	5,000
		<u>4,866</u>	<u>5,156</u>
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Iasachtaí	10	250	0
Infháltais agus Réamhíocaíochtaí	12	661	790
Banc agus Coibhéisí Airgid	8	61,570	82,995
		<u>62,481</u>	<u>83,785</u>
<b>Dliteanais Reatha</b>			
Suimeanna Iníoctha agus Caiteachas Fabhráithe	13	63,862	85,586
<b>Glandliteanais Reatha</b>			
		<u>(1,381)</u>	<u>(1,801)</u>
Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha roimh Oibleagáidí Sochair Scoir		3,485	3,355
Maoiniú Iarchurtha le haghaidh Sochair Scoir	19(e)	29,753	24,462
Dliteanais Sochair Scoir	19(e)	(29,753)	(24,462)
<b>Iomlán na nGlansócmhainní</b>		<u><b>3,485</b></u>	<u><b>3,355</b></u>
<b>Caipiteal agus Cúlchistí</b>			
Cúlchiste Caipitil	11	116	156
Cúlchiste Ioncaim	14	3,369	3,199
		<u><b>3,485</b></u>	<u><b>3,355</b></u>

Tá Nótaí 1 go 23 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.



Michael Horgan

Cathaoirleach

Dáta: 18 Meitheamh 2024



Alan Wall

Príomhfheidhmeannach

Dáta: 18 Meitheamh 2024

An Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais amhail an 31

Nótaí	2023 €'000	2022 €'000
<b>Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>		
Barrachas (Easnamh) don bhliain	170	(233)
Dímheas agus lagú na sócmhainní seasta	58	59
Laghdú ar Infháiltas (Laghdú)/Méadú ar Shuimeanna Iníoctha	129 (21,724)	1.312 15.601
Ús Faighte	(87)	(140)
Leithdháileadh chun Caiteachas Caipitil a Mhaoiniú	18	123
Aistriú ón gCuntas Cúlchiste Caipitil	(58)	(59)
<b>Glan-Insreabhadh (Eis-sreabhadh) airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>	<b>(21,494)</b>	<b>16.663</b>
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistiúcháin Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta Inláimhsithe fháil	(18)	(123)
<b>Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistiúcháin</b>	<b>(18)</b>	<b>(123)</b>
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin Ús Faighte	87	140
<b>Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin</b>	<b>87</b>	<b>140</b>
<b>(Laghdú)/Méadú in Airgead agus i gCoibhéisí Airgid</b>	<b>(21,425)</b>	<b>16.680</b>
Banc agus Coibhéisí Airgid ag tús na bliana	82.995	66.315
<b>Banc agus Coibhéisí Airgid ag deireadh na bliana</b>	<b>61.570</b>	<b>82.995</b>

Tá Nótaí 1 go 23 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.



Michael Horgan

Cathaoirleach

Dáta: 18 Meitheamh 2024



Alan Wall

Príomhfheidhmeannach

Dáta: 18 Meitheamh 2024

## Na nótaí a ghabhann leis na

### 1. Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos bunús na cuntasaíochta agus na beartais chuntasaíochta shuntasacha arna nglacadh ag an Údarás um Ard-Oideachas. Cuireadh i bhfeidhm iad ar bhonn comhsheasmhach.

#### a) An Bonn leis an Ullmhúchán

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir choinbhinsiún modhnaithe an chostais stairiúil agus i gcomhréir leis an gCaighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102. Tá na ráitis airgeadais le fáil san fhoirm arna faomhadh ag an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta; le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe faoi Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022. Tá na beartais chuntasaíochta seo a leanas curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach chun dul i ngleic le míreanna a mheastar a bheith ábhartha i ndáil le ráitis airgeadais an Údaráis um Ard-Oideachas.

Is ar bhonn fabhrach atá na ráitis airgeadais ullmhaithe, agus tá siad i gcomhréir leis an gcleachtas cuntasaíochta a nglactar go coitianta leis in Éirinn. Is iad na Caighdeáin Chuntasaíochta a nglactar go coitianta leo in Éirinn chun ráitis airgeadais a ullmhú ina dtugtar léargas fírinneach agus cóir iad na cinn arna bhfoilsíú agus arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais.

I gcomhréir le hImlitir DPER 21/2015 i ndáil le FRS 102, tá na ráitis airgeadais seo comhdhéanta den Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe, an Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach, an Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais agus an Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid. Ina theannta sin, tá nótaí 1 go 23 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

#### b) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Sloinntear sócmhainní seasta inláimhsithe atá comhdhéanta de throsacán, trealamh agus ríomhairí ag costas lúide dímheas carntha agus foráil maidir le bearnú i gcás inarb infheidhme.

##### Caipitliú

Tá costas sócmhainne comhdhéanta de phraghas ceannaigh na sócmhainne móide aon chostas atá inchurtha go díreach i leith riocht oibre a chur ar an tsócmhainn don úsáid a bhí beartaithe di. Gearrtar Troscán, Trealamh agus Ríomhairí faoi bhun na tairsí caipitliúcháin ar an Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe sa bhliain ceannaigh. €3,000 is ea méid na tairsí caipitliúcháin.

##### Dímheas

Ríomhtar an dímheas le bunchostas na sócmhainne nó an mhéid athluacháilte a dhíscríobh lúide an luach measta iarmharach ar bhonn an mhéid chothrom thar a saolré úsáideach eacnamaíoch mar seo a leanas:

Troscán agus Trealamh	-	10 mbliana
Trealamh Ríomhaireachta	-	3 bliana

#### c) Cúlchiste Caipitil

Is ionann an cúlchiste caipitil agus an méid glan a caitheadh ar shócmhainní seasta inláimhsithe arna maoiniú le deontais Stáit. Déantar na deontais a amúchadh in aghaidh ioncaim thar shaolré ionchasach na sócmhainní i gcomhréir leis an mbeartas dímheasa.

#### d) Ioncam

Is ar bhonn fabhrach a thugtar cuntas ar ioncam Oireachtais agus aon ioncam deontais eile. Is ar bhonn fabhrach a thugtar cuntas ar ioncam eile ó thionscail taighde.

#### e) Airgeadra Eachtrach agus Airgeadra Feidhmiúil

Na míreanna a áirítear leis na ráitis airgeadais, cuirtear i láthair iad in “Euro”, airgeadra na príomhthimpeallachta eacnamaíche ina n-oibríonn an tÚdarás um Ard-Oideachas (an “t-airgeadra feidhmiúil”).

Rinneadh na hidirbhearta arna n-ainmniú in airgeadra eachtrach i rith na bliana a aistriú ag an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ar dháta an idirbhirt. Déantar sócmhainní agus dliteanais arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha a aistriú go Euro ag na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm dáta an Ráitis maidir leis an Staid Airgeadais. Pléitear leis na brabúis nó cailteanais dá thoradh sin sa Ráiteas maidir le hloncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

#### f) Deontais Iníoctha

Is ionann deontais iníoctha agus deontais arna leithdháileadh do na hinstitiúidí ardoideachais agus do ghníomhaireachtaí agus comhlachtaí éagsúla eile, chun críocha an ardoideachais i dtaca leis an mbliain airgeadais.

#### g) Sochair Scoir

Léirítear leis na costais sochair scoir na sochair scoir arna dtuilleamh ag fostaithe sa bhliain, agus taispeántar iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne a gcoinníonn an tÚdarás um Ard-Oideachas iad. Déantar costais sochair scoir de réir FRS 102 a mheasúnú i gcomhréir le comhairle achtúireacht bunaithe ar na luachálacha achtúireacha is déanaí agus ar na toimhdí arna gcinneadh ag an achtúire. Aithnítear méid a chomhfhreagraíonn don mhúirear pinsin mar ioncam a mhéid atá sé in-aisghnóthaithe agus fritháirithe le deontais arna bhfáil sa bhliain le híocaíochtaí pinsin a ghlanadh.

Léirítear na gnóthachain nó cailteanais achtúireacha ag eascairt as dliteanais scéime sa Ráiteas maidir le hloncam Cuimsitheach agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghnóthaithe ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

Is ionann dliteanais sochair scoir agus luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin amach anseo arna dtuilleamh ag baill foirne go dtí seo. Is ionann maoiniú iarchurtha le haghaidh sochair scoir agus an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisghabháil sna tréimhsí amach anseo ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

Oibríonn an tÚdarás um Ard-Oideachas Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí freisin (An Scéim Aonair) arb í an scéim pinsin sochair shainithe í le haghaidh státseirbhísigh inphinsin arna gceapadh an 1 Eanáir 2013 nó i ndiaidh an dáta sin. Íoctar ranníocaíochtaí chomhaltaí na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

Na toimhdí atá faoi bhun na luachálacha achtúireacha dá ndéantar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais a chinneadh (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí básmhaireachta agus rátaí do threochtaí sna costais cúraim sláinte); déantar iad a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn bliantúil bunaithe ar na dálaí eacnamaíocha atá i bhfeidhm, agus as aon athrú ábhartha leis na téarmaí agus coinníollacha de chuid na bpleananna sochair scoir agus iarscoir.

Is féidir leis na nithe seo a leanas difear a dhéanamh do na toimhdí sin:

- i. An ráta lascaine, athruithe sa chóimheas toraidh ar bhannaí corparáide ardcháilíochta
- ii. Leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí margaidh saothair amach anseo

